AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 24 Feabhra 2022
(OR. en)

2017/0114 (COD)
LEX 2145

PE-CONS 4/22

TRANS 51
FISC 29
ENV 87
CODEC 100

# TREOIR
# Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
# LENA LEASAÍTEAR TREORACHA 1999/62/CE, 1999/37/CE AGUS (AE) 2019/520, A MHÉID A BHAINEANN LE MUIRIR A GHEARRADH AR FHEITHICLÍ AS BONNEAGAR ÁIRITHE A ÚSÁID

**TREOIR (AE) 2022/...**

**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 16 Feabhra 2022**

**lena leasaítear Treoracha 1999/62/CE, 1999/37/CE agus (AE) 2019/520, a mhéid a bhaineann le muirir a ghearradh ar fheithiclí as bonneagar áirithe a úsáid**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

[1] IO C 81, 2.3.2018, lch. 188.

[2] IO C 176, 23.5.2018, lch. 66.

[3] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2018 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 9 Samhain 2021 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an...( nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis an dul chun cinn i dtreo an sprioc a leag an Coimisiún síos sa Pháipéar Bán uaidh an 28 Márta 2011 dar teideal *Roadmap to a Single European Transport Area – Towards a competitive and resource efficient transport system* [Treochlár i dtreo Limistéir Aonair Iompair Eorpaigh — I dtreo córas iompair atá iomaíoch agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de] a bhaint amach, eadhon dul i dtreo chur i bhfeidhm iomlán na bprionsabal 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' agus 'gurb é an t-úsáideoir a íocfaidh as', chun ioncam a ghiniúint agus maoiniú a áirithiú le haghaidh infheistíochtaí iompair amach anseo, tá an dul chun cinn sin mall agus tá neamhréireachtaí ann i gcónaí maidir le muirir bonneagair bóthair a ghearradh ar fud an Aontais.

(2) Sa Pháipéar Bán sin, molann an Coimisiún go leanfaí ar aghaidh 'le hinmheánú iomlán agus éigeantach a dhéanamh ar chostais sheachtracha le haghaidh an iompair de bhóthar agus d'iarnród (lena n-áirítear torann, truailliú áitiúil agus brú tráchta de bhreis ar aisghabháil éigeantach na gcostas caithimh agus cuimilte)'.

(3) Is fachtóir í gluaiseacht feithiclí earraí agus feithiclí do phaisinéirí a chuireann le scaoileadh truailleán isteach san atmaisféar. Áirítear ar thruailleán den sórt sin, a bhfuil tionchar *an*-tromchúiseach acu ar shláinte daoine agus as a dtagann meathlú ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh san Aontas, $AC_{2,5}$, ($PM_{2,5}$), $NO_2$, agus $O_3$. In 2018, ba chúis le nochtadh fada do na trí thruailleán sin 379 000, 54 000 agus 19 400 bás anabaí, faoi seach, san Aontas, de réir meastachán de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA), arna ndearnadh in 2020.

(4) De réir na hEagraíochta Domhanda Sláinte, tá torann ó thrácht ar bhóithre leis féin ar an dara strusaire comhshaoil is díobhálaí san Eoraip, gan ach truailliú aeir níos measa ná é. Is féidir ar a laghad 9 000 bás anabaí in aghaidh na bliana a chur i leith galar croí de dheasca torann tráchta.

(5) De réir thuarascáil 2020 ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil maidir le cáilíocht aeir san Eoraip, ba é an t-iompar de bhóthar, in 2018, an earnáil ina raibh na hastaíochtaí ocsaídí $NO_x$ ab airde agus ba é an dara hastaitheoir ba mhó é ó thaobh truailliú carbóin dhuibh de.

(6) Sa teachtaireacht uaidh an 20 Iúil 2016 dar teideal *A European Strategy for Low-Emission Mobility* [Straitéis Eorpach maidir le Soghluaisteacht Íseal-Astaíochtaí], d'fhógair an Coimisiún go molfadh sé go ndéanfaí Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a leasú chun go bhféadfaí muirir a ghearradh freisin ar bhonn dhifreáil $CO_2$, agus cuid dá prionsabail a leathnú chuig busanna agus cóistí agus chuig gluaisteáin paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma.

---

1 Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirir a ghearradh ar fheithiclí earraí troma as bonneagar áirithe a úsáid (IO L 187, 20.7.1999, lch. 42).

(7) Agus an t-am a thógann sé an flít feithiclí a athnuachan á cur san áireamh mar aon leis an ngá atá le hearnáil an iompair de bhóthar rannchuidiú le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais do 2030 agus ina dhiaidh sin, socraíodh, le Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], na spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair do 2025 agus 2030 ag 15 % agus 30 % faoi seach níos ísle ná meán bunaithe astaíochtaí $CO_2$.

(8) Chun margadh inmheánach iompair de bhóthar faoi choinníollacha córa iomaíochta a bhunú, ba cheart rialacha a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach. Is cuspóir lárnach den Treoir seo é deireadh a chur le saobhadh iomaíochta idir úsáideoirí.

(9) D'ainneoin a thábhachtaí atá earnáil an iompair de bhóthar, bíonn tionchar suntasach ag gach feithicil tromshaothair ar bhonneagar bóthair agus cuirtear, dá réir, leis an truailliú aeir. In ainneoin thábhacht eacnamaíoch agus shóisialta na bhfeithiclí saothair éadroim, is iad is bunús le formhór na dtionchar diúltach comhshaoil agus sóisialta a eascraíonn as iompar de bhóthar a bhaineann le hastaíochtaí agus brú tráchta. Ar mhaithe leis an gcóir chomhionann agus iomaíocht chóir, ba cheart a áirithiú go n-áirítear sa chreat sin feithiclí nach bhfuil cumhdaithe go dtí seo ag an gcreat a leagtar amach i dTreoir 1999/62/CE maidir le dolaí agus muirir úsáideora. Ba cheart, dá bhrí sin, raon feidhme na Treorach sin a leathnú chuig feithiclí tromshaothair seachas iad sin atá beartaithe lena n-úsáid chun earraí a iompar agus chuig feithiclí saothair éadroim, lena n-áirítear gluaisteáin paisinéirí.

---

[1] Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202).

(10) Ionas nach n-athródh an trácht go bóithre atá saor ó dholaí, a d'fhéadfadh difear mór a dhéanamh do shábháilteacht ar bhóithre agus d'úsáid optamach an ghréasáin bóithre, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann dolaí a thobhach ar gach stráice dá ngréasán mótarbhealaí.

(11) Chun a áirithiú go gcuirfear an córas muirearaithe ar bhonneagar i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach comhchuibhithe ar fud an Aontais agus go mbeidh cothrom iomaíochta ann do mhargadh an iompair lasta, tá sé tábhachtach go ndéanfaí, le socruithe éagsúla dolaí, costais a ríomh ar bhealach comhchosúil. Agus é á chur san áireamh go bhféadfadh socruithe difriúla a bheith i gconarthaí lamháltais atá ann cheana ná na cinn a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit, chun inmharthanacht airgeadais conarthaí lamháltais atá ann cheana a áirithiú, na conarthaí lamháltais sin a dhíolmhú ó cheanglais áirithe a leagtar amach sa Treoir seo, go dtí go ndéanfar na conarthaí sin a leasú go substaintiúil. Féadfaidh na Ballstáit a roghnú freisin féachaint le conarthaí lamháltais atá ann cheana a thabhairt i gcomhréir le hathruithe ar chreat rialála an Aontais nó ar an gcreat rialála náisiúnta nó measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht muirear costas seachtrach ar $CO_2$ agus ar thruailliú aeir agus/nó lascainí a bhaineann leis na hastaíochtaí sin a ghearradh, i gcás nach n-athraítear dolaí lamháltais i gcomhréir leis an Treoir seo.

(12) Le muirir úsáideora ambhunaithe, ní thugtar, de bharr a gcineáil, léiriú cruinn ar na fíorchostais ar úsáid bóithre agus, ar chúiseanna den chineál céanna, níl siad éifeachtach maidir le hoibríochtaí níos glaine agus níos éifeachtúla a dhreasú, ná maidir le brú tráchta a laghdú. Mar sin féin, chun deimhin a dhéanamh de go nglacfaidh an t-úsáideoir le scéimeanna muirearaithe ar úsáid bóithre amach anseo, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit córais leordhóthanacha a thabhairt isteach chun muirir a bhailiú mar chuid de phacáiste níos leithne de sheirbhísí soghluaisteachta. Ba cheart a áirithiú le córais den sórt sin go roinnfear ar bhealach cothrom na costais bhonneagair agus go mbeidh siad ag teacht leis an bprionsabal 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as'. Ba cheart do Bhallstát a thugann isteach córas den sórt sin a áirithiú go gcomhlíonfar leis forálacha Threoir (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. I ngeall ar an tionchar suntasach atá acu ar bhonneagar bóthair agus a mhéid a chuireann siad le truailliú aeir, ba cheart córais mhuirearaithe chruinne a dhíriú ar fheithiclí tromshaothair go príomha. Go háirithe, chun oibríochtaí iompair níos glaine agus níos éifeachtúla a chur chun cinn, ba cheart, i bprionsabal, deireadh a chur de réir a chéile le muirir úsáideora ambhunaithe ar an gcroíghréasán tras-Eorpach iompair, ós rud é go bhfuil na nóid agus na naisc is tábhachtaí ó thaobh straitéise de sa ghréasán tras-Eorpach iompair.

---

[1] Treoir (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair agus lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi mhainneachtain dolaí a íoc san Aontas (IO L 91, 29.3.2019, lch. 45).

I bhfianaise na n-imthosca stairiúla agus na dúshláin agus na hualaí suntasacha riaracháin a bhaineann le dolaí a thabhairt isteach á gcur san áireamh, ba cheart do na Ballstáit tairbhe a bhaint as idirthréimhse atá fada go leor inar cheart dóibh a bheith in ann muirir úsáideora ambhunaithe a thabhairt isteach nó a choimeád. Tar éis na hidirthréimhse sin, níor cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit muirir úsáideora atá bunaithe go hiomlán ar am a ghearradh ar fheithiclí tromshaothair ar stráicí dá gcroíghréasán tras-Eorpach iompair ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Ba cheart cásanna den sórt sin a bhfuil údar cuí leo a theorannú do chásanna ina mbeadh costais riaracháin, infheistíochta agus oibriúcháin dhíréireacha i gceist le dola a ghearradh ar fheithiclí tromshaothair i gcomparáid leis an ioncam nó na tairbhí a mbeifí ag súil leo, mar shampla mar gheall ar fhad teoranta na stráicí bóthair lena mbaineann nó mar gheall ar an dlús daonra measartha íseal nó an trácht réasúnta íseal, nó i gcás atreorú tráchta a mbeadh tionchar diúltach aige ar shábháilteacht ar bhóithre nó ar an tsláinte phoiblí mar thoradh ar dhola a ghearradh. Tá gá leis an bhféidearthacht sin a bheith ann do Bhallstáit, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ar mhaithe le saincheisteanna ríthábhachtacha a bhaineann le leas an phobail, amhail cás an-deacair agus iargúltacht na réigiún a bhfuil dlús íseal daonra iontu, sábháilteacht ar bhóithre nó sláinte phoiblí a chur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart cur i bhfeidhm muirear úsáideora ambhunaithe sna cásanna sin a bhfuil údar cuí leo a bheith faoi réir chomhlíonadh na gceanglas nós imeachta: oibleagáid measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le córas den sórt sin agus oibleagáid fógra a thabhairt don Choimisiún maidir lena chur i bhfeidhm. Ba cheart a chuimsiú i bhfógra den sórt sin cúiseanna ina sonraítear na himthosca sonracha a bhaineann leis na stráicí den chroíghréasán tras-Eorpach iompair ina ngearrtar muirir úsáideora ambhunaithe.

(13) Na Ballstáit sin a chuireann dolaí i bhfeidhm ar a gcroíghréasán tras-Eorpach iompair nó ar chuid de tráth ar theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart dóibh a bheith in ann córas muirearaithe comhcheangailte a bhunú le haghaidh na bhfeithiclí tromshaothair uile nó le haghaidh cineálacha áirithe feithiclí tromshaothair. Níor cheart, áfach, an rogha sin a bheith ar fáil ach amháin mar leanúint agus mar fhorlíonadh ar chóras dolaí ar an gcroíghréasán tras-Eorpach iompair, áit a bhfuil na nóid agus na naisc den ghréasán tras-Eorpach iompair is tábhachtaí ó thaobh straitéise de lonnaithe, nó ar chuid de. Leis an gcóras sin, ligfí do na Ballstáit cur chun feidhme na bprionsabal 'gurb é an t-úsáideoir a íocfaidh as' agus 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' a leathnú níos faide ná an gréasán bóithre atá faoi réir dolaí, trí mhuirir úsáideora a chur i bhfeidhm ar na codanna sin den chroíghréasán tras-Eorpach iompair nach bhfuil faoi réir dolaí nó ar chineálacha áirithe feithiclí tromshaothair, amhail feithiclí a thagann faoi thonnáiste sonrach nach bhfuil faoi réir dolaí. Dá bhrí sin, chabhródh an córas muirearaithe comhcheangailte leis na Ballstáit tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh agus iompar de bhóthar níos glaise a áirithiú, go háirithe i gcás nach bhfuil aon chóras muirearaithe i bhfeidhm agus nach bhfuil dolaí ina rogha atá inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de ná inghlactha ar bhonn sóisialta. Ina theannta sin, chun prionsabail na soghluaisteachta inbhuanaithe a urramú go hiomlán, ba cheart uasmhéid na muirear úsáideora sin a athrú ag brath ar aicme astaíochtaí Euro agus aicme astaíochtaí $CO_2$ na feithicle araon. Bunaithe ar na breithnithe sin go léir, ní féidir a shéanadh go mbeadh go leor buntáistí ag baint le cur i bhfeidhm córais den sórt sin, ar córas é lena gcomhcheanglaítear cur chuige ambhunaithe agus cur chuige fadbhunaithe; dá bhrí sin, ba cheart go bhféadfaí córas den sórt sin a chur i bhfeidhm freisin tar éis dheireadh na hidirthréimhse do chórais atá bunaithe go hiomlán ar am. 5 bliana ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart do na Ballstáit, agus muirir bhóthair á bhforchur ar fheithiclí earraí troma, dolaí nó muirir úsáideora a fhorchur ar fheithiclí earraí troma uile.

(14) Agus na prionsabail 'gurb é an t-úsáideoir a íocfaidh as' agus 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' á neartú, ba cheart saintréithe áirithe na mBallstát nó a gcórais dolaí agus muirear úsáideora a chur san áireamh. Mar shampla, i ndáil le limistéir inar fíor-thearc an daonra nó ina bhfuil gréasán an-mhór bóithre atá faoi réir dolaí nó muirear, ba cheart an rogha a bheith ar fáil foráil a dhéanamh maidir le díolúintí le haghaidh stráicí bóthair.

(15) Tá roinnt Ballstát ann a bhfuil gréasáin mhóra bóithre dolaí acu ar mó i bhfad líon na mótarbhealaí agus na mbóithre iontu ná líon sin na mbóithre ar cuid den ghréasán tras-Eorpach iompair iad. Dá bhrí sin, dá ngearrfaí dolaí nó muirir úsáideora ar na feithiclí earraí troma uile, bheadh i bhfad níos mó na hualaí ann, go háirithe ar ghnólachtaí ceardaíochta beaga agus meánmhéide (roinnt mhaith acu atá i mbun obair tógála, agus nach ndéanann seirbhísí iompair a sholáthar de ghnáth). Bheadh praghsanna níos airde, mar shampla i réimse na tógála, mar thoradh ar na hualaí sin. Ciallaíonn méaduithe ar phraghsanna go bhféadfaí infheistíochtaí amach anseo go háirithe, amhail athchóiriú fuinniúil tithe agus árasán chomh maith le nuachóiriú na teicneolaíochta tithe, a chur ar atráth nó a chur ar ceal fiú. Chomh maith leis sin, uaireanta taistealaíonn gnólachtaí ceardaíochta achair fhada le feithiclí chun a seirbhísí a sholáthar, agus ní féidir na turais sin a dhéanamh go héasca trí mhodhanna eile iompair a úsáid. Ina theannta sin, maidir le cuideachtaí ó cheantair thuaithe a bhíonn ag brath ar a gcumas seirbhísí agus gníomhaíochtaí tógála a sholáthar i gceantair uirbeacha, mar gheall ar an dlús daonra laghdaithe agus éileamh laghdaithe sna ceantair sin, fágtar faoi mhíbhuntáiste iomaíochta iad i gcomparáid le cuideachtaí a fheidhmíonn i gcathracha móra nó ar imeall ceantar uirbeach. Dá bhrí sin, ba cheart an rogha a thabhairt do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le díolúintí áirithe muirearaithe, amhail díolúintí ar fheithiclí a úsáidtear chun ábhair, trealamh nó innealra a iompar lena n-úsáid ag an tiománaí le linn obair an tiománaí nó a úsáidtear chun earraí arna dtáirgeadh ar bhonn ceirde a sheachadadh.

(16) Ní gan tábhacht dóibh siúd atá faoi mhíchumas go bhféadfaidís úsáid a bhaint as bóithre atá faoi réir muirir bhóthair, amhail mótarbhealaí, tolláin nó droichid, seachas a bheith taobh le bóithre áitiúla a mbíonn dua agus deacair ag baint leo. Chun go mbeidh daoine faoi mhíchumas in ann bóithre atá faoi réir muirir bhóthair a úsáid gan aon ualach breise riaracháin a leagan orthu, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit feithiclí daoine faoi mhíchumas a dhíolmhú ón oibleagáid dola nó muirear úsáideora a íoc.

(17) Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun tosca socheacnamaíocha a chur san áireamh agus scéimeanna muirearaithe ar úsáid bonneagair bóthair le haghaidh gluaisteáin paisinéirí á gcur i bhfeidhm acu. Mar shampla, d'fhéadfaí muirir do ghluaisteáin paisinéirí a choigeartú chun pionósú iomarcach úsáideoirí rialta a sheachaint.

(18) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go mbunóidh na Ballstáit córas muirearaithe atá cóir, agus go háirithe córas muirearaithe nach ndéanfar leis pionós a ghearradh ar úsáideoirí feithiclí príobháideacha a mbíonn iallach orthu, de thoradh a n-áit chónaithe a bheith faoin tuath nó i gceantair iargúlta nó i gceantair ar deacair rochtain a fháil orthu, úsáid níos rialta a bhaint as bóithre atá faoi réir muirearaithe.

(19) Amhail i gcás feithiclí tromshaothair, tá sé tábhachtach a áirithiú, i gcás ina dtabharfadh na Ballstáit isteach aon mhuirir ambhunaithe a ghearrtar ar fheithiclí saothair éadroim, go mbeidís comhréireach, lena n-áirítear i dtaca le tréimhsí úsáide atá níos giorra ná bliain amháin. I ndáil leis sin, is gá a chur san áireamh go mbíonn patrún úsáide ag feithiclí saothair éadroim nach ionann é agus patrún úsáide feithiclí tromshaothair. D'fhéadfaí ríomh na muirear comhréireach ambhunaithe a bhunú ar na sonraí atá ar fáil maidir le patrúin na dturas.

(20) De bhun Threoir 1999/62/CE, féadfar muirear costas seachtrach a fhorchur ar leibhéal atá cóngarach d'imeallchostas sóisialta úsáid na feithicle i gceist. Léirítear gurb é seo an bealach is cothroime agus is éifeachtúla chun tionchar diúltach comhshaoil agus sláinte an truaillithe aeir agus an truaillithe torainn de dheasca feithiclí tromshaothair a chur san áireamh, agus d'áiritheofaí leis go ndéanfadh feithiclí tromshaothair a gcion ar bhealach cothrom caighdeáin aercháilíochta don Eoraip a bhaint amach a leagadh amach i dTreoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] mar aon le haon teorainneacha nó spriocanna torainn eile is infheidhme. Ba cheart, mar sin, gearradh na muirear sin a éascú. Ba cheart muirearú costas seachtrach a ghearradh ar bhealach níos córasaí. Chun cabhrú le dul i dtreo chur i bhfeidhm iomlán an phrionsabail 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as', ba cheart do na Ballstáit muirearú costas seachtrach a ghearradh ar fheithiclí tromshaothair maidir le truailliú aeir ar a laghad, ar ghréasáin a chumhdaítear le muirear bonneagair.

(21) Chuige sin, ba cheart luachanna tagartha is infheidhme go héasca arna gcoinneáil cothrom le dáta i bhfianaise an bhoilscithe, an dul chun cinn eolaíoch a dhéantar chun na costais sheachtracha a bhaineann le hiompar de bhóthar a mheas agus na héabhlóide ar chomhdhéanamh an fhlít feithiclí a chur in ionad na n-uas-mheánmhuirear ualaithe costas seachtrach.

---

1 Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip, (IO L 152, 11.6.2008, lgh. 1.)

(22) Is glaine na feithiclí a úsáidtear mar thoradh ar na muirir bhonneagair a athrú de réir aicme astaíochtaí Euro. De réir mar a dhéantar flíteanna feithiclí a athnuachan, áfach, meastar gur lú éifeacht a bheidh le hathruithe ar mhuirir ar an ngréasán idiruirbeach ar an mbonn sin sa mheántéarma. Ba cheart, dá bhrí sin, cead a bheith ag na Ballstáit deireadh a chur le hathrú dolaí ar an mbonn sin.

(23) Ag an am céanna, ós rud é go bhfuil an sciar d'astaíochtaí CO2 ó fheithiclí tromshaothair ag méadú, ba cheart athrú ar mhuirir bhonneagair agus úsáideora de réir aicme astaíochtaí CO2 a thabhairt isteach, a bheidh in ann rannchuidiú le feabhsuithe sa réimse sin. I gcás comhchórais muirear úsáideora, rud a d'fhéadfadh rannchuidiú le comhchuibhiú breise, beidh cur chun feidhme an athraithe níos casta, go háirithe mar gheall ar na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh ag na comhchórais sin. Ós rud é go gcaithfidh na Ballstáit rannpháirteacha teacht ar chomhaontú faoi dháileadh na n-ioncam a eascraíonn as an muirear úsáideora, cé go ndéantar leibhéal an ioncaim a theorannú trí na forálacha a thugtar isteach leis an Treoir seo, agus comhaontuithe idirnáisiúnta a leasú chomh maith céanna, tá údar maith, i gcás sonrach den sórt sin, le ham breise a cheadú chun an t-athrú a chur chun feidhme de réir astaíochtaí $CO_2$. I ngach cás, ba cheart an t-athrú a cheapadh ar bhealach a bheidh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1242.

(24) Go dtí go rachfar i ngleic le hastaíochtaí $CO_2$ le hionstraimí atá níos oiriúnaí, amhail cánacha comhchuibhithe ar bhreosla lena n-áirítear comhpháirt charbóin nó go dtí go gcumhdófar iompar de bhóthar le córas trádála astaíochtaí, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit freisin muirear costas seachtrach a ghearradh a bheidh ag teacht le costas astaíochtaí $CO_2$. I gcás ina mbeidh údar leis i ngeall ar fhianaise eolaíoch, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit muirir costas seachtrach atá níos airde ná na luachanna tagartha a leagtar amach sa Treoir seo a ghearradh le haghaidh astaíochtaí $CO_2$.

(25) Chun an t-aistriú i dtreo flít feithiclí tromshaothair atá níos glaine a chur chun cinn, ba cheart an t-athrú ar na muirir bhonneagair agus úsáideora, de réir a n-astaíochtaí $CO_2$ a bheith éigeantach, ach amháin i gcás ina ngearrfar muirear costas seachtrach ar astaíochtaí $CO_2$.

(26) Chun luach saothair a thabhairt i gcás na bhfeithiclí tromshaothair is feidhmiúla, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit an leibhéal laghduithe muirear is airde dá bhfuil ann a ghearradh ar fheithiclí a oibrítear gan astaíochtaí sceithphíopa. Chun soláthar céimneach feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn tuilleadh, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit iad a dhíolmhú go sealadach ó mhuirir bhóthair. Ar na cúiseanna céanna agus chun a áirithiú maidir le sciar na bhfeithiclí a thairbhíonn den laghdú dolaí go bhfanfaidh sé cobhsaí i gcaitheamh na mblianta, agus cinnteacht pleanála fhadtéarmach á ráthú do na Ballstáit i dtéarmaí ioncaim dolaí, ba cheart feithiclí nua a leithdháileadh ar aicmí astaíochtaí $CO_2$ bunaithe ar a bhfeidhmíocht i gcomparáid leis an gconair líneach laghdaithe astaíochtaí idir 2021 agus 2030, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2019/1242.

(27) Chun éifeachtacht agus comhleanúnachas an athruithe ar mhuirir de réir astaíochtaí $CO_2$ agus na muirearithe costas seachtrach ar astaíochtaí $CO_2$ a áirithiú, ar ceapadh iad araon chun úsáid feithiclí astaíochtaí ísle agus feithiclí astaíochtaí nialasacha a éascú, agus chun a áirithiú go gcuirfear Treoir 1999/62/CE i bhfeidhm go comhleanúnach le haon ionstraim praghsála carbóin eile a bhaineann le hiompar de bhóthar a ghlacfar amach anseo, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh go tráthúil ar a éifeachtaí agus ar a riachtanaí iad. Bunaithe ar an measúnú sin, ba cheart don Choimisiún a mholadh, i gcás inarb iomchuí, go ndéanfar leasú ar fhorálacha maidir le hathrú ar mhuirir de réir astaíochtaí CO2 agus maidir le muirear costas seachtrach le haghaidh astaíochtaí CO2, chun muirearú dúbailte a chosc trí bhíthin ionstraimí éagsúla praghsála carbóin. Cé gur cheart deimhneacht dhlíthiúil agus cur i bhfeidhm comhleanúnach na rialacha éagsúla a áirithiú leis an mbeart a bheidh ann amach anseo, ba cheart a shoiléiriú leis an Treoir seo nár cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit an córas athruithe bunaithe ar CO2 dá bhforáiltear sa Treoir seo a chur i bhfeidhm a thuilleadh tar éis dáta cur i bhfeidhm ionstraime praghsála carbóin eile a bheidh infheidhme maidir le hiompar de bhóthar, a d'fhéadfaí a ghlacadh ar leibhéal an Aontais, mar shampla ar bhonn an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE, Cinneadh (AE) 2015/1814 agus Rialachán (AE) 2015/757 [2021/0211 (COD)]. I gcás ina ndéantar ionstraim praghsála carbóin eile is infheidhme maidir le hiompar de bhóthar a ghlacadh idir an dá linn, ba cheart leibhéal na muirear costas seachtrach le haghaidh astaíochtaí CO2 a theorannú don mhéid is gá chun na costais sheachtracha sin a inmheánú, agus ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún coigeartú a dhéanamh, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, ar na luachanna tagartha a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIc.

(28) Chun cabhrú le hoidhreacht gluaisteán an Aontais a choimirciú, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann feithiclí ar díol spéise staire iad a chur i gcatagóir ar leith chun críocha na muirir éagsúla is iníoctha faoin Treoir seo a choigeartú.

(29) Ní shainmhínítear faoi láthair i Rialachán (AE) 2019/1242 conairí laghdaithe astaíochtaí le haghaidh grúpaí feithiclí tromshaothair nach gcumhdaítear le hAirteagal 2(1), pointí (a) go (d), den Rialachán sin. I bhfianaise Airteagal 15 de, d'fhéadfadh sé go leasófaí an Rialachán sin amach anseo agus go ndéanfaí conairí laghdaithe astaíochtaí a shainiú le haghaidh grúpaí feithiclí den sórt sin. Má ghlactar leasú den sórt sin, ba cheart feidhm a bheith ag an athrú ar mhuirir bhonneagair agus úsáideora le haghaidh feithiclí tromshaothair de réir aicmí 2 agus 3 d'astaíochtaí CO2 maidir leis na grúpaí feithiclí sin. Mura nglacfar leasú den sórt sin, níor cheart an t-athrú le haghaidh na ngrúpaí feithiclí sin a dhéanamh ach amháin le haghaidh aicmí 1, 4 agus 5 d'astaíochtaí CO2.

(30) Ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar leasú a mholadh ar Threoir 1999/62/CE lena dtabharfar isteach aicmí 2 agus 3 d'astaíochtaí CO2 le haghaidh na bhfeithiclí tromshaothair uile de réir na bprionsabal a chuirtear i bhfeidhm maidir le feithiclí tromshaothair a rialaítear le Rialachán (AE) 2019/1242 faoi láthair le haghaidh a n-astaíochtaí CO2 má leathnaítear raon feidhme an Rialacháin sin chun feithiclí tromshaothair eile a chumhdach.

(31) Leis an Treoir seo, ba cheart laghdú ar astaíochtaí CO2 a chur chun cinn trí fheabhsuithe teicniúla a dhéanamh ar chónaisc mótarfheithiclí earraí troma agus ar a leantóirí agus a leathleantóirí. Dá bhrí sin, déantar foráil leis an Treoir seo do laghdú ar mhuirir bhóthair do mhótarfheithiclí earraí troma a bhfuil astaíochtaí ísle CO2 acu. Ar mhaithe le comhsheasmhacht iomlán rialála, nuair a bheidh na luachanna arna ndeimhniú ó thaobh an dlí de maidir le héifeacht leantóirí agus leathleantóirí ar astaíochtaí CO2 ó chónaisc feithiclí earraí troma ar fáil, ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chun Treoir 1999/62/CE a leasú chun luachanna deimhnithe den sórt sin a áireamh agus an laghdú ar mhuirir bhóthair dá bhforáiltear leis an Treoir seo á chinneadh.

(32) Chun leanúint d'athnuachan an fhlít a chur chun cinn agus chun nach ndéanfar margadh athláimhe na bhfeithiclí tromshaothair a shaobhadh, ba cheart aicmiú na bhfeithiclí a bhaineann le haicmí 2 agus 3 d'astaíochtaí CO2 a athmheasúnú gach 6 bliana óna gcéad chlárú. Chun an t-ualach riaracháin a íoslaghdú, níor cheart difear a dhéanamh do bhailíocht na muirear úsáideora a bheidh bailí roimh dháta an athaicmithe.

(33) A mhéid a bhaineann le teacht i bhfeidhm an athaicmithe sna córais muirear úsáideora, braitheann an rogha maidir le samhail iomchuí ar bhreithnithe sonracha maidir le hiarmhairtí riaracháin an athaicmithe sin agus a éifeachtaí ar ioncam. Dá bhrí sin, ba cheart an cinneadh maidir le conas athaicmiú sna córais muirear úsáideora a chur chun feidhme a fhágáil faoi na Ballstáit (nó, i gcás comhchóras, faoin ngrúpa Ballstát lena mbaineann).

(34) Chun a áirithiú go ndéanfar athrú dolaí de réir astaíochtaí CO2 a chur i bhfeidhm go comhleanúnach, is gá Treoir 1999/37/CE ón gComhairle[1] a leasú chun a cheangal, i gcás ina mbeidh siad ar fáil ar a ndeimhniú comhréireachta, go ndéanfar astaíochtaí sonracha CO2 ó fheithiclí tromshaothair a shonrú ar a ndeimhniú clárúcháin. Má leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 ar bhealach a dhéanann difear do chuntasaíocht astaíochtaí CO2 a eascraíonn as úsáid breoslaí ísealcharbóin, d’fhéadfadh sé gurb iomchuí don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas idir an Treoir seo agus na leasuithe sin. Tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh na sonraí a bhaineann le hastaíochtaí CO2 agus le haicme astaíochtaí CO2 feithiclí tromshaothair sa trealamh ar bord a úsáidtear mar chuid de sheirbhís dolaí, agus go mbeidh na sonraí sin ar fáil don mhalartú faisnéise idir na Ballstáit, mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/520.

---

[1] Treoir 1999/37/CE ón gComhairle maidir le clárú doiciméad d'fheithiclí (IO L 138, 1.6.1999, lch. 57).

(35) Is iad na feithiclí saothair éadroim a ghineann dhá thrian de na tionchair dhiúltacha chomhshaoil agus sláinte a thagann ó iompar de bhóthar. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, úsáid na bhfeithiclí is glaine agus is éifeachtúla ó thaobh breosla de a chur chun cinn trí mhuirir bhóthair a idirdhealú de réir a n-astaíochtaí sonracha CO2 agus a n-astaíochtaí truailleán arna gcinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún[1] agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2]. Chun úsáid na bhfeithiclí is glaine agus is éifeachtúla a chur chun cinn, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit na dolaí bóthair agus na muirir úsáideora a ghearrtar ar fheithiclí don sórt sin a laghdú go mór. Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit an feabhas ar fheidhmíocht chomhshaoil na feithicle a bhaineann lena tiontú go breoslaí malartacha a chur san áireamh. Agus é sin á dhéanamh acu, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit breoslaí a eisiamh ar breoslaí iad a tháirgtear ó stoc beatha a mbaineann ardriosca athrú indíreach ar thalamhúsáid (ILUC) leis, a bhfeictear an limistéar táirgthe ina leith á fhorleathnú go suntasach agus á athrú ina thalamh ina bhfuil stoc ard carbóin. Ba cheart, le síntiús seasta nó aon sásra eile arna fhormheas ag oibreoir an chórais dolaí, d’úsáideoirí a bheith in ann tairbhiú d’athrú dolaí nó muirear úsáideora a chomhfhreagraíonn d’fheidhmíocht chomhshaoil fheabhsaithe na feithicle, tar éis an tiontaithe.

---

1 Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 (IO L 175, 7.7.2017, lch. 1).

2 Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena leagtar amach na caighdeáin feidhmíochta CO2 maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 443/2009 agus (AE) Uimh. 510/2011 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13).

(36) Chun nach ngearrfar pionós ar fhorbairt agus úsáid feithiclí saothair éadroim astaíochtaí nialasacha mar gheall ar an meáchan breise a bhaineann leis an teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit rátaí laghdaithe nó díolúintí a chur i bhfeidhm i leith feithiclí den sórt sin.

(37) Baineann costas thart ar 1 % den Olltáirgeacht Intíre le brú tráchta, costas arb iad na mótarfheithiclí uile, ar leibhéil éagsúla, is cúis leis. Is féidir cuid mhór den chostas sin a leagan ar bhrú tráchta idiruirbeach. Dá bhrí sin, ba cheart muirear brú tráchta ar leith a cheadú, ar choinníoll go ngearrfar é ar chatagóirí feithiclí troma agus éadroma araon. I bhfianaise an ionchuir a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le brú tráchta a laghdú, féadfaidh na Ballstáit modhanna comhchoiteanna iompair, is é sin mionbhusanna, busanna agus cóistí a eisiamh ó mhuirear brú tráchta den sórt sin. Chun go bhféadfaidh sé a bheith éifeachtach agus comhréireach, ba cheart an muirear a ríomh ar bhonn an imeallchostais brú tráchta agus ba cheart é a idirdhealú de réir suímh, ama agus catagóir feithicle.

(38) Le muirir bhóthair, is féidir acmhainní a chur ar fáil a rannchuidíonn le maoiniú a dhéanamh ar bhonneagar iompair ardchaighdeáin a chothabháil agus a fhorbairt. Is iomchuí, dá bhrí sin, a cheangal ar na Ballstáit tuairisc leordhóthanach a thabhairt ar úsáid an ioncaim sin. Chabhródh sé sin, go háirithe, le bearnaí maoiniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus cur le glacadh an phobail le muirearú bóthair. Ar mhaithe le trédhearcacht, b'iomchuí do na Ballstáit faisnéis áirithe maidir le dolaí agus muirir úsáideora a ghearrtar ar a gcríoch a nochtadh d'úsáideoirí bóthair, amhail, faisnéis a bhaineann le húsáid an ioncaim a ghintear trí chur i bhfeidhm Threoir 1999/62/CE, an t-athrú ar mhuirir bhonneagair, na muirir costas seachtrach agus an t-ioncam iomlán a chruinnítear trí mhuirir brú tráchta in aghaidh na catagóire feithicle.

(39) Ba cheart na muirir brú tráchta na costais iarbhír arna bhforchur go díreach ag gach feithicil ar úsáideoirí eile bóithre, agus go hindíreach ar an tsochaí i gcoitinne, ba cheart na muirir sin a léiriú go comhréireach. Chun nach gcuirfidh na muirir sin bac díréireach ar shaorghluaiseacht daoine agus earraí, ba cheart iad a theorannú do mhéideanna ar leith a léiríonn imeallchostas sóisialta an bhrú tráchta faoi dhálaí lánacmhainneachta nach mór, eadhon nuair a bhíonn méideanna tráchta i ngiorracht don acmhainneacht bóithre. Ar an gcúis chéanna, níor cheart muirear brú tráchta a ghearradh in éineacht le muirear bonneagair a athrófar de réir am an lae, chineál an lae nó an tséasúir chun brú tráchta a laghdú. Chun an tionchar dearfach is mó a bhaint as muirir brú tráchta, ba cheart an t-ioncam a chruinníonn siad a leithdháileadh ar thionscadail a thugann aghaidh ar fhoinsí an bhrú tráchta.

(40) Ag cur san áireamh go bhféadfadh socruithe atá éagsúil ó na cinn a leagtar amach sa Treoir seo a bheith i gconarthaí lamháltais atá ann cheana agus chun a n-inmharthanacht airgeadais a áirithiú, is iomchuí nach mbeadh sé de cheangal ar chonarthaí lamháltais atá ann cheana an ceanglas maidir leis an muirear bonneagair a athrú a chomhlíonadh go dtí go ndéanfar iad a leasú go substaintiúil.

(41) D'fhéadfadh uasmharcálacha a chuirfí leis an muirear bonneagair cabhrú go mór chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann le damáiste suntasach don chomhshaol nó le brú tráchta mar thoradh ar an úsáid a bhaintear as bóithre áirithe, damáiste nó brú nach mbaineann le limistéir shléibhtiúla amháin. Ba cheart, dá bhrí sin, deireadh a chur leis an srian atá ann faoi láthair, ar srian é a chuireann teorainn le húsáid uasmharcálacha do limistéir den sórt sin. I gcás dhá Bhallstát nó níos mó a thoibheoidh uasmharcáil níos airde sa chonair chéanna, is gá a chur san áireamh go bhféadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith ag na huasmharcálacha sin ar Bhallstáit eile atá ar an gconair chéanna. Ina theannta sin, chun muirearú dúbailte ar úsáideoirí a sheachaint, ba cheart uasmharcálacha a eisiamh ó stráicí bóthair ar a ngearrtar muirear brú tráchta. Chun na críche sin, chun éifeachtaí díobhálacha ar fhorbairt eacnamaíoch na réigiún forimeallach a sheachaint, agus chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun diúltú do na pleananna nó chun leasú ar na pleananna sin a iarraidh, arna dtíolacadh ag an mBallstát, chun uasmharcáil a chur leis an muirear bonneagair a thoibhítear ar stráicí sonracha bóthair a bhfuil brú tráchta rialta orthu, nó a ndéanann a n-úsáid ag feithiclí damáiste suntasach don chomhshaol. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún[1].

1 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(42) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun astaíochtaí tagartha CO2 a shonrú do na foghrúpaí d'fheithiclí tromshaothair nach gcumhdaítear le hAirteagal 2(1), pointí (a) go (d), de Rialacháin (AE) 2019/1242. Ba cheart don Choimisiún na sonraí is ábhartha do ghrúpaí feithicle den sórt sin a atáirgeadh, ar sonraí iad arna bhfoilsiú sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialacháin (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. I bhfianaise chineál teoranta na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún, ní gá foráil a dhéanamh maidir le rialú ag coiste atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit sula nglacfar iad.

(43) I gcás ina dtugann Ballstát córas muirearaithe bóthair isteach, d'fhéadfaí, i gcásanna áirithe, go ndéanfaí idirdhealú ar úsáideoirí bóithre neamhchónaitheacha mar thoradh ar chúiteamh arna dheonú. Dá bhrí sin, ba cheart an fhéidearthacht cúiteamh a dheonú a theorannú do chásanna a bhaineann le dolaí agus níor cheart an cúiteamh a bheith ar fáil a thuilleadh i gcás muirir úsáideora.

(44) Chun leas a bhaint as sineirgí a d'fhéadfadh a bheith sna córais muirearaithe bóthair atá ann cheana, agus chun costais oibriúcháin a laghdú, ba cheart don Choimisiún a bheith rannpháirteach go hiomlán sa chomhar idir na Ballstáit a bheartaíonn scéimeanna comhchoiteanna muirearaithe bóthair a thabhairt isteach.

---

[1] Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí CO2 ó fheithiclí nua tromshaothair agus ídiú breosla na bhfeithiclí sin (IO L 173, 9.7.2018, lch.1).

(45) Is gá a cheadú do na Ballstáit tógáil, oibriú, cothabháil agus forbairt suiteálacha le haghaidh fuinnimh nó breosla a mhaoiniú chuig feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha, d'fhonn leictriúchán bóithre a éascú. Go sonrach, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát na suiteálacha leictreacha sin a mhaoiniú go neamhspleách ar mhaoiniú bonneagair bóthair, níor cheart go gcuirfeadh an Treoir seo cosc ar an mBallstát sin muirir a thobhach ar shuiteálacha den sórt sin a úsáid.

(46) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon a áirithiú go ngearrfar muirir náisiúnta ar fheithiclí as bonneagar áirithe a úsáid laistigh de chreat comhleanúnach lena ndeimhnítear cóir chomhionann ar fud an Aontais, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr chineál trasteorann an iompair de bhóthar agus na bhfadhbanna a bhfuil sé beartaithe aghaidh a thabhairt orthu leis an Treoir seo, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(47) Is gá a áirithiú go leanfaidh na muirir costas seachtrach de bheith ag léiriú an chostais a bhaineann le truailliú aeir, torainn agus an athraithe aeráide arna nginiúint ag feithiclí tromshaothair ar bhealach chomh cruinn agus is féidir gan an scéim muirearaithe a dhéanamh róchasta, chun úsáid na bhfeithiclí is éifeachtúla ó thaobh breosla de a chur chun cinn, agus chun na dreasachtaí a choinneáil éifeachtach agus an t-idirdhealú idir muirir bhóthair a choinneáil cothrom le dáta.

(48) Ba cheart, dá bhrí sin, an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún d'fhonn na luachanna tagartha le haghaidh muirearú costas seachtrach a leagtar amach in Iarscríbhinní IIIb agus IIIc a ghabhann le Treoir 1999/62/CE a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(49) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoracha 1999/62/CE, 1999/37/CE agus (AE) 2019/520 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Threoir1999/62/CE*

Leasaítear Treoir 1999/62/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirir a ghearradh ar fheithiclí as bonneagar bóthair a úsáid’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 1 agus 2:

‘Airteagal 1

1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir leis an méid a leanas:

(a) cánacha feithicle a fhorchuirtear ar fheithiclí earraí troma;

(b) dolaí agus muirir úsáideora a fhorchuirtear ar fheithiclí.

2. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le feithiclí a úsáidtear go heisiach ar chríocha neamh-Eorpacha na mBallstát.

3. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le feithiclí atá cláraithe sna hOileáin Chanáracha, in Ceuta agus Melilla, sna hAsóir ná i Maidéara agus a dhéanann oibríochtaí iompair go heisiach ar na críocha sin nó go heisiach idir na críocha sin agus mórthír na Spáinne agus mórthír na Portaingéile, faoi seach.

*Airteagal 2*

1. Chun críocha na Treorach seo:

(1) ciallaíonn 'gréasán tras-Eorpach bóithre' an bonneagar iompair de bhóthar dá dtagraítear i gCaibidil II, Roinn 3, de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, faoi mar a léirítear ar léarscáileanna é in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin;

(2) ciallaíonn 'croíghréasán tras-Eorpach iompair' an bonneagar iompair a shainaithnítear i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013;

(3) ciallaíonn 'costais tógála' na costais a bhaineann le haon cheann de na nithe seo a leanas a thógáil, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na costais mhaoiniúcháin:

(a) bonneagar nua nó feabhsuithe nua ar bhonneagar, lena n-áirítear deisiúcháin shuntasacha struchtúracha;

(b) bonneagar nó feabhsuithe ar bhonneagar, lena n-áirítear deisiúcháin shuntasacha struchtúracha, a cuireadh i gcrích tráth nach faide siar ná 30 bliain roimh an 10 Meitheamh 2008, i gcás ina raibh socruithe dola i bhfeidhm an 10 Meitheamh 2008, nó a cuireadh i gcrích tráth nach faide siar ná 30 bliain sular bunaíodh aon socruithe nua dolaí a tugadh isteach tar éis an 10 Meitheamh 2008; nó

(c) bonneagar nó feabhsuithe ar bhonneagar a cuireadh i gcrích roimh na teorainneacha ama dá dtagraítear i bpointe (b), sna cásanna seo a leanas:

(i) tá córas dolaí curtha ar bun ag Ballstát lena ndéantar foráil maidir le haisghabháil na gcostas sin trí bhíthin conartha le hoibreoir córais dolaí, nó gníomhartha dlí comhéifeachta eile, a tháinig i bhfeidhm roimh an 10 Meitheamh 2008, nó

(ii) is féidir le Ballstát a léiriú go raibh an cás maidir le tógáil an bhonneagair i dtrácht ag brath ar shaolré níos faide ná 30 bliain a bheith ag dearadh an bhonneagair sin.

(4) ciallaíonn ‘costais mhaoiniúcháin’ ús ar iasachtaí agus toradh ar aon chistiú cothromais a rannchuidíonn scairshealbhóirí;

(5) ciallaíonn ‘deisiúcháin shuntasacha struchtúracha’ deisiúcháin struchtúracha cé is moite de na deisiúcháin sin nach dtéann chun sochair d’úsáideoirí bóithre a thuilleadh, go háirithe i gcás inar cuireadh dromchla nua ar bhóthar nó ina ndearnadh obair thógála eile san áit ina ndearnadh an obair dheisiúcháin;

(6) ciallaíonn ‘mótarbhealach’ bóthar a dhéantar a dhearadh agus a thógáil go speisialta le haghaidh mótarthráchta, nach bhfónann do réadmhaoin atá i dteorainn leis, agus a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

(a) tá sé feistithe, ach amháin ag pointí speisialta nó go sealadach, le carrbhealaí ar leithligh do thrácht ón dá threo, iad scartha óna chéile le stiall dealaithe nach bhfuil beartaithe le haghaidh tráchta nó, go heisceachtúil, trí mhodhanna eile;

(b) ní thrasnaíonn sé ar comhréidh le haon bhóthar, aon iarnród, aon trambhealach, aon raon rothar ná aon chosán; agus

(c) tá sé ainmnithe go sonrach mar mhótarbhealach;

(7) ciallaíonn ‘dola’ méid sonraithe is iníoctha i leith feithicle bunaithe ar an bhfad arna thaisteal ar bhonneagar ar leith agus ar an gcineál feithicle, a dtugann a íoc an ceart don fheithicil sin an bonneagar a úsáid, agus atá comhdhéanta de cheann amháin nó níos mó de na muirir seo a leanas:

(a) muirear bonneagair;

(b) muirear brú tráchta; nó

(c) muirear costas seachtrach;

(8) ciallaíonn ‘muirear bonneagair’ muirear arna thobhach chun aisghabháil a dhéanamh ar na costais arna dtabhú i mBallstát i dtaca le bonneagar a thógáil, a chothabháil, a oibriú agus a fhorbairt;

(9) ciallaíonn ‘muirear costas seachtrach’ muirear arna thobhach chun aisghabháil a dhéanamh ar na costais a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

(a) truailliú aeir de dheasca tráchta;

(b) truailliú torainn de dheasca tráchta; nó

(c) astaíochtaí $CO_2$ de dheasca tráchta;

(10) ciallaíonn ‘costas an truaillithe aeir de dheasca tráchta’ costas an dochair do shláinte an duine agus costas an damáiste don chomhshaol arb é ábhar cáithníneach agus réamhtheachtaithe ózóin, amhail $NO_x$ agus comhdhúile so-ghalaithe orgánacha, a bheith á scaoileadh san aer le linn d’fheithicil a bheith ag oibriú is cúis leis;

(11) ciallaíonn ‘costas an truaillithe torainn de dheasca tráchta’ costas an dochair do shláinte an duine agus costas an damáiste don chomhshaol arb é an torann a astaíonn feithiclí nó a chruthaítear de bharr a n-idirghníomhaíochta le dromchla an bhóthair is cúis leis;

(12) ciallaíonn ‘costas astaíochtaí $CO_2$ de dheasca tráchta’ costas an damáiste arb é scaoileadh $CO_2$ le linn d'fheithicil a bheith ag oibriú is cúis leis;

(13) ciallaíonn ‘brú tráchta’ cás ina mbíonn méideanna tráchta i ngiorracht don acmhainneacht bóithre nó os a cionn;

(14) ciallaíonn ‘muirear brú tráchta’ muirear a thoibhítear ar fheithiclí chun aisghabháil a dhéanamh ar na costais brú tráchta arna dtabhú i mBallstát agus chun an brú tráchta a laghdú;

(15) ciallaíonn ‘meánmhuirear ualaithe bonneagair’ an t-ioncam iomlán ó mhuirear bonneagair le linn tréimhse áirithe, roinnte ar líon na gciliméadar feithicle tromshaothair arna thaisteal ar na stráicí bóthair atá faoi réir an mhuirir sin le linn na tréimhse sin;

(16) ciallaíonn ‘muirear úsáideora’ méid sonraithe a dtugann a íoc an ceart d’fheithicil an bonneagar dá dtagraítear in Airteagal 7(1) agus (2) a úsáid le linn tréimhse ar leith;

(17) ciallaíonn ‘feithicil’ mótarfheithicil, a bhfuil ceithre roth nó níos mó fúithi, nó cónasc feithiclí altacha atá beartaithe lena húsáid nó lena úsáid chun paisinéirí nó earraí a iompar de bhóthar nó a úsáidtear chuige sin;

(18) ciallaíonn ‘feithicil tromshaothair’ feithicil ar mó ná 3,5 tona a huasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil;

(19) ciallaíonn ‘feithicil earraí troma’ feithicil tromshaothair atá beartaithe lena húsáid chun earraí a iompar;

(20) ciallaíonn ‘cóiste’ agus ‘bus’ feithicil tromshaothair atá beartaithe lena húsáid chun níos mó ná ochtar paisinéirí a iompar de bhreis ar an tiománaí;

(21) ciallaíonn ‘feithicil saothair éadroim’ feithicil nach mó ná 3,5 tona a huasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil;

(22) ciallaíonn ‘gluaisteán paisinéirí’ feithicil saothair éadroim atá beartaithe lena húsáid chun paisinéirí a iompar nach mó ná ochtar a líon de bhreis ar an tiománaí;

(23) ciallaíonn ‘feithicil ar díol spéise staire í’ feithicil ar díol spéise staire í mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe7, de Threoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[**];

(24) ciallaíonn ‘mionbhus’ feithicil saothair éadroim atá beartaithe lena húsáid chun níos mó ná ochtar paisinéirí a iompar de bhreis ar an tiománaí;

(25) ciallaíonn ‘mótarcharbhán’ feithicil a bhfuil urrann cónaithe inti, ar urrann í ina bhfuil suíocháin agus bord, cóiríocht chodlata, bíodh sí ar leithligh nó mar thoradh ar thiontú na suíochán, saoráidí cócaireachta agus saoráidí stórála;

(26) ciallaíonn ‘feithicil tráchtála éadrom’ feithicil saothair éadroim atá beartaithe lena húsáid chun earraí a iompar;

(27) ciallaíonn ‘veain’ feithicil saothair éadroim de réir bhrí Chuid C, pointe 4.2, d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***;

(28) ciallaíonn ‘astaíochtaí $CO_2$’ ó fheithicil tromshaothair a hastaíochtaí sonracha $CO_2$ dá bhforáiltear i bpointe 2.3 dá comhad faisnéise custaiméara mar a shainmhínítear i gCuid II d’Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún****;

(29) ciallaíonn ‘feithicil astaíochtaí nialasacha’:

(a) ‘feithicil tromshaothair astaíochtaí nialasach’ mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 11, de Rialachán (AE) 2019//1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*****; nó

(b) aon ghluaisteán paisinéirí, aon mhionbhus nó aon fheithicil tráchtála éadrom gan inneall dócháin inmheánaigh;

(30) ciallaíonn ‘feithicil tromshaothair astaíochtaí ísle’:

(a) ‘feithicil tromshaothair astaíochtaí ísle’ mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 12, de Rialachán (AE) 2019/1242; nó

(b) feithicil tromshaothair nach gcumhdaítear le hAirteagal 2(1), pointí (a) go (d), den Rialachán sin, a bhfuil astaíochtaí níos ísle ná 50 % d’astaíochtaí tagartha $CO_2$ a grúpa feithiclí aici, nach feithicil astaíochtaí nialasacha í;

(31) ciallaíonn ‘oibreoir iompair’ aon ghnóthas a iompraíonn earraí nó paisinéirí de bhóthar;

(32) ciallaíonn ‘feithicil den aicme astaíochtaí ‘Euro 0’, ‘Euro I’, ‘Euro II’, ‘Euro III’, ‘Euro IV’, ‘Euro V’, ‘EEV’, ‘Euro VI’’ feithicil tromshaothair a chomhlíonann na teorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn 0;

(33) ciallaíonn ‘cineál feithicle tromshaothair’ catagóir ina bhfuil feithicil tromshaothair de réir líon na n-acastóirí atá uirthi, a toisí nó a maise, nó tosca eile aicmithe feithiclí lena léirítear damáiste bóthair, amhail an córas aicmithe damáiste bóthair a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, ar choinníoll go bhfuil an córas aicmithe a úsáidtear bunaithe ar thréithe feithiclí atá sna doiciméid feithiclí a úsáidtear sna Ballstáit uile nó is léir ó amharc;

(34) ciallaíonn ‘foghrúpa feithiclí’ ‘fogrúpa feithiclí’ mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 8, de Rialachán (AE) 2019/1242;

(35) ciallaíonn ‘grúpa feithiclí’ grúpa feithiclí a liostaítear i dTábla 1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400;

(36) ciallaíonn 'tréimhse tuairiscithe na bliana Y' 'tréimhse tuairiscithe na bliana Y' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 3, de Rialachán (AE) 2019/1242;

(37) ciallaíonn 'conair laghdaithe astaíochtaí', i gcás tréimhse tuairiscithe bliana (Y) agus foghrúpa feithiclí (sg*)*, eadhon $ET_{Y,sg}$, an toradh ar fhachtóir um laghdú astaíochtaí bliantúla $CO_2$ (R-$ET_Y$) méadaithe faoi astaíochtaí tagartha $CO_2$ ($rCO_2sg$) an fhoghrúpa *(*sg*),* eadhon $ET_{Y, sg}$ = R-$ET_Y$ x $rCO_{2sg}$; i gcás na mblianta Y ≤ 2030, cinntear R-$ET_Y$ agus $rCO_{2sg}$ araon i gcomhréir le pointe 5.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242; i gcás na mblianta Y>2030, is ionann R-$ET_Y$ agus 0,70; tá feidhm ag $rCo_{2sg}$, arna choigeartú leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2019/1242, maidir leis na tréimhsí tuairiscithe a thosaíonn tar éis dhátaí chur i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe sin faoi seach;

(38) ciallaíonn 'astaíochtaí tagartha $CO_2$ grúpa feithiclí':

(a) i gcás feithiclí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/1242, an méid a ríomhtar i gcomhréir leis an bhfoirmle i bpointe 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin;

(b) i gcás feithiclí nach gcumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/1242, meánluach na n-astaíochtaí $CO_2$ uile ó fheithiclí sa ghrúpa feithiclí sin, arna dtuairisciú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****** don chéad tréimhse tuairiscithe, a thosóidh tar éis an dáta a mbeidh toirmeasc, i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2017/2400, ar fheithiclí sa ghrúpa feithiclí sin a chlárú, a dhíol nó a chur i seirbhís, ar feithiclí iad nach gcomhlíonann na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/2400;

(39) ciallaíonn ‘conradh lamháltais’ ‘lamháltas oibreacha’ nó ‘lamháltas seirbhíse’ mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe 1, (a) nó (b), faoi seach, de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*******;

(40) ciallaíonn ‘dola lamháltais’ dola arna thobhach ag lamháltóir faoi chonradh lamháltais;

(41) ciallaíonn ‘socrú dola nó muirearaithe arna leasú go substaintiúil’ socrú dola nó muirearaithe, lena bhfuiltear ag súil go dtabharfaidh leasú na rátaí méadú ioncaim de bhreis ar 10 % i gcomparáid leis an mbliain chuntasaíochta roimhe sin, cé is moite den éifeacht atá ag méadú ar thrácht agus tar éis é a cheartú de réir boilsciú arna thomhas de réir athruithe ar an Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna uile-Aontais do Thomhaltóirí (ICPT), agus cé is moite d’fhuinneamh agus bia neamhphróiseáilte, arna fhoilsiú ag an gCoimisiún (Eurostat).

2. Chun críocha mhír 1, pointe 2:

(a) in aon chás, ní rachaidh an sciar de na costais tógála atá le cur san áireamh thar an sciar den saolré reatha atá deartha a bheith ag na comhpháirteanna bonneagair atá le bheith ag feidhmiú fós an 10 Meitheamh 2008 nó ar an dáta a thabharfar isteach na socruithe nua dolaí, más dáta níos déanaí ná sin é;

(b) ar na costais a bhaineann le bonneagar nó feabhsuithe ar bhonneagar, féadfar a áireamh aon chaiteachas sonrach ar bhonneagar atá deartha chun núis i ngeall ar thorann a laghdú, chun teicneolaíochtaí nuálacha a thabhairt isteach nó chun feabhas a dhéanamh ar an tsábháilteacht ar bhóithre agus íocaíochtaí iarbhír a dhéanann an t-oibreoir bonneagair a chomhfhreagraíonn d'eilimintí oibiachtúla comhshaoil amhail cosaint i gcoinne éilliú ithreach.

3. Gan dochar d'Airteagal 7da(3), féadfaidh Ballstáit mótarcharbhán a mheas mar chóiste nó mar bhus nó mar ghluaisteán paisinéirí.

---

* Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

** Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/40/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 51);.

*** Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

**** Rialachán (CE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cinneadh a dhéanamh ar astaíochtaí CO2 agus ar ídiú breosla feithiclí tromshaothair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1).

***** Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202).

****** Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí CO2 ó fheithiclí nua tromshaothair agus ar ídiú breosla na bhfeithiclí sin (IO L 173, 9.7.2018, lch.1).

******* Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 7 agus 7a:

*'Airteagal 7*

1. Gan dochar d'Airteagal 9(1a), féadfaidh na Ballstáit dolaí agus muirir úsáideora a choimeád nó a thabhairt isteach ar an ngréasán tras-Eorpach bóithre nó ar stráicí áirithe den ghréasán sin, agus ar aon stráice eile dá ngréasán mótarbhealaí nach cuid den ghréasán tras-Eorpach bóithre iad faoi na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 4 go 14 den Airteagal seo agus in Airteagail 7a go 7k.

2. Ní dochar mír 1 don cheart atá ag na Ballstáit, i gcomhréir le CFAE, dolaí agus muirir úsáideora a ghearradh ar bhóithre eile, ar choinníoll nach ndéanfaidh forchur na ndolaí agus na muirear úsáideora ar bhóithre eile den sórt sin idirdhealú i gcoinne trácht idirnáisiúnta agus nach saobhadh iomaíochta idir oibreoirí a bheidh mar thoradh air sin. Na dolaí agus na muirir úsáideora a ghearrtar ar bhóithre nach bóithre ar cuid den ghréasán tras-Eorpach bóithre iad agus nach mótarbhealaí iad, comhlíonfar leo na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 4 agus 5 den Airteagal seo, in Airteagal 7a agus in Airteagal 7j(1), (2) agus (4).

3 Gan dochar d'fhorálacha eile na Treorach seo, féadfar dolaí agus muirir úsáideora do chatagóirí éagsúla feithiclí, amhail feithiclí tromshaothair, feithiclí earraí troma, cóistí agus busanna, feithiclí saothair éadroim, feithiclí tráchtála éadroma, mionbhusanna agus gluaisteáin paisinéirí, a thabhairt isteach nó a choimeád neamhspleách ar a chéile. I gcás ina ngearrfaidh na Ballstáit muirir ar ghluaisteáin paisinéirí, áfach, gearrfaidh siad muirear ar fheithiclí tráchtála éadroma freisin.

4. Ní fhorchuirfidh na Ballstáit dolaí agus muirir úsáideora araon ar aon chatagóir ar leith feithiclí as stráice bóthair aonair a úsáid. Mar sin féin, Ballstát a fhorchuireann muirir úsáideora ar a ghréasán, féadfaidh sé dolaí a fhorchur freisin as droichid, tolláin agus mámanna sléibhe a úsáid.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan Airteagal 7ca(3), Airteagal7ga(1) agus Airteagal 7gb(2) a chur i bhfeidhm ar dholaí den sórt sin as droichid, tolláin agus mámanna sléibhe a úsáid i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas nó iad araon:

(a) maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7ca(3), Airteagal 7ga(1) agus Airteagal 7gb(2), ní bheadh sé praiticiúil ó thaobh na teicneolaíochta de idirdhealú den sórt sin a thabhairt isteach sa chóras dolaí lena mbaineann;

(b) maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7ca(3), Airteagal 7ga(1) agus Airteagal 7gb(2), d'fhágfadh sé go ndéanfaí na feithiclí is mó truailliú a atreorú agus go mbeadh tionchar diúltach aige ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar an tsláinte phoiblí.

Ballstát a chinnfidh gan Airteagal 7ca(3), Airteagal 7ga(1) agus Airteagal 7gb(2) a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an dara fomhír den mhír seo, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoina chinneadh.

5. Leis na dolaí agus na muirir úsáideora, ní dhéanfar idirdhealú, go díreach ná go hindíreach, ar na forais seo a leanas:

(a) náisiúntacht an úsáideora bóithre;

(b) Ballstát bunaíochta nó tríú tír bhunaíochta an oibreora iompair;

(c) Ballstát clárúcháin nó tríú tír chlárúcháin na feithicle; nó

(d) tionscnamh nó ceann scríbe na hoibríochta iompair.

6. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le dolaí laghdaithe nó muirir úsáideora laghdaithe ar stráicí bóthair áirithe, nó féadfaidh siad stráicí bóthair áirithe a eisiamh go hiomlán ó mhuirir bhóthair, go háirithe i gcás ina bhfuil dlús tráchta íseal i limistéir inar tearc an daonra.

7. Maidir le bonneagar bóthair a chumhdaítear le conarthaí lamháltais, i gcás inar síníodh an conradh roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] nó ina bhfuarthas na tairiscintí nó freagraí ar chuirí dul i mbun caibidlíochta ina leith faoin nós imeachta caibidlíochta de bhun próiseas soláthair phoiblí roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], féadfaidh na Ballstáit a roghnú gan Airteagal 7ca(3), Airteagal 7g,(1) agus (2), Airteagal 7ga agus Airteagal 7gb a chur i bhfeidhm maidir le dolaí agus gan muirir úsáideoirí a ghearradh ar an mbonneagar sin go dtí go ndéanfar an conradh lamháltais a athnuachan nó go dtí go ndéanfar an socrú dolaí nó muirearaithe a leasú go substaintiúil.

8. Tá feidhm ag mír 7 freisin maidir le conarthaí fadtéarmacha, arna dtabhairt i gcrích idir eintiteas poiblí agus neamhphoiblí, a síníodh roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] chun oibreacha a dhéanamh agus/nó seirbhísí a bhainistiú cé is moite d’oibreacha a dhéanamh gan aistriú an riosca éilimh a áireamh.

9. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le dolaí laghdaithe nó muirir úsáideora laghdaithe, nó díolúintí ón oibleagáid dolaí nó muirir úsáideora a íoc as na nithe seo a leanas:

   (a) feithiclí tromshaothair atá díolmhaithe ón gceanglas trealamh taifeadta a shuiteáil agus a úsáid faoi Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*];

(b) feithiclí earraí troma a bhfuil uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil níos mó ná 3,5 tona agus níos lú ná 7,5 tona acu, agus a úsáidtear chun ábhair, trealamh nó innealra a iompar lena n-úsáid ag an tiománaí le linn obair an tiománaí, nó a úsáidtear chun earraí arna dtáirgeadh ar bhonn ceirde a sheachadadh, i gcás nach ar fruiliú nó ar luaíocht a dhéantar an t-iompar;

(c) aon fheithicil a chumhdaítear faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6(2), pointí (a) agus (b), nó aon fheithicil arna húsáid ag daoine faoi mhíchumas nó atá faoina n-úinéireacht; agus

(d) feithiclí astaíochtaí nialasacha a bhfuil uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil suas go 4,25 tona acu.

10. Ón ... [8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], ní ghearrfaidh na Ballstáit muirir úsáideora ar fheithiclí tromshaothair ar an gcroíghréasán tras-Eorpach iompair.

11. De mhaolú ar mhír 10, ní fhéadfaidh na Ballstáit muirir úsáideora a ghearradh ar fheithiclí tromshaothair ar stráicí den chroíghréasán tras-Eorpach iompair ach i gcásanna a bhfuil údar cuí leo ina dtarlófaí an méid seo a leanas dá ngearrfaí dola:

(a) bheadh costais riaracháin, infheistíochta agus oibriúcháin dhíréireacha i gceist i gcomparáid leis an ioncam nó na sochair ionchais a mbeifí ag súil leis, ar ioncam é nó ar sochair iad a ghinfí le dola den sórt sin, mar shampla mar gheall ar fhad teoranta na stráicí bóthair lena mbaineann nó an dlús daonra measartha íseal nó an trácht measartha íseal; nó

(b) bheadh atreorú tráchta mar thoradh air agus tionchar diúltach aige ar shábháilteacht ar bhóithre nó ar an tsláinte phoiblí.

Sula ngearrfaidh siad na muirir úsáideora sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún go bhfuil sé beartaithe acu déanamh amhlaidh. Áireofar san fhógra sin na cúiseanna cuí-réasúnaithe, i bhfianaise na chéad fhomhíre, maidir leis an muirear úsáideora a ghearradh, bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus ar fhaisnéis shoiléir faoi na feithiclí agus na stráicí bóthair a chumhdaítear leis an muirear úsáideora.

Féadfaidh na Ballstáit aon fhógra amháin a thíolacadh le haghaidh stráicí bóthair breise a chumhdaítear leis na díolúintí, ar choinníoll go dtugtar údar cuí maidir le gach stráice ar leith.

12. I gcás ina gcuireann na Ballstáit córas coiteann le haghaidh muirir úsáideora i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 8, déanfaidh na Ballstáit sin an comhchóras a oiriúnú nó scoirfidh siad de faoin ... [10 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].

13 Go dtí an ... [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], maidir le feithiclí earraí troma, féadfaidh Ballstát an rogha a dhéanamh dolaí nó muirir úsáideora a ghearradh ar fheithiclí earraí troma nach lú ná 12 thona a n-uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil, agus ar na feithiclí sin amháin, i gcás ina measann sé go dtarlófaí an méid seo a leanas dá ngearrfaí dolaí nó muirir úsáideora ar fheithiclí earraí troma atá faoi bhun 12 thona:

(a) chruthófaí tionchar díobhálach suntasach ar shaorghluaiseacht tráchta, ar an gcomhshaol, ar leibhéil torainn, ar bhrú tráchta, ar an tsláinte, nó ar shábháilteacht ar bhóithre de bharr atreorú tráchta;

(b) bheadh costais riaracháin i gceist ar mó iad ná 15 % den ioncam breise a bheadh ann mar thoradh ar an leathnú sin; nó

(c) bheadh baint aige sin le catagóir feithiclí nach cúis le níos mó ná 10 % de na costais bhonneagair inmhuirearaithe.

Maidir leis na Ballstáit sin a roghnóidh dolaí nó muirir úsáideora, nó an dá rud, a ghearradh ar fheithiclí earraí troma nach lú ná 12 thona a n-uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil, agus ar na feithiclí sin amháin, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoina gcinneadh agus faoi na cúiseanna ar ar bunaíodh é.

14. I gcás ina ngearrtar dolaí ar na feithiclí tromshaothair uile, féadfaidh na Ballstáit a roghnú céatadán difriúil de na costais a aisghabháil ó chóistí, ó bhusanna agus ó mhótarcharbháin, ar thaobh amháin, agus ó fheithiclí earraí troma, ar an taobh eile.

15. Faoin ...[5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht na Treorach seo maidir le muirir a ghearradh ar fheithiclí saothair éadroim.

Cuirfear san áireamh leis an measúnú sin éabhlóid na gcóras muirearaithe a chuirtear i bhfeidhm ar fheithiclí saothair éadroim i dtéarmaí an chineáil muirearaithe a ghearrtar ar chatagóirí éagsúla feithiclí, méid an ghréasáin a chumhdaítear, comhréireacht na praghsála agus eilimintí ábhartha eile.

Bunaithe ar an measúnú sin, tíolacfaidh an Coimisiún togra reachtach, i gcás inarb iomchuí, chun forálacha ábhartha na Treorach seo a leasú.

---

* Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).

*Airteagal 7a*

1. Beidh na muirir úsáideora comhréireach le fad thréimhse úsáide an bhonneagair.

2. Má ghearrtar muirir úsáideora i dtaca le feithiclí tromshaothair, cuirfear úsáid an bhonneagair ar fáil ar feadh na dtréimhsí ama seo a leanas, ar a laghad: ar feadh lae, ar feadh seachtaine, ar feadh míosa, agus ar feadh bliana. Ní rachaidh an ráta míosúil thar 10 % den ráta bliantúil, ní rachaidh an ráta seachtainiúil thar 5 % den ráta bliantúil agus ní rachaidh an ráta laethúil thar 2 % den ráta bliantúil.

   Féadfaidh Ballstát a chinneadh gur rátaí bliantúla amháin a chuirfear i bhfeidhm i gcás feithiclí atá cláraithe sa Bhallstát sin.

   Socróidh na Ballstáit muirir úsáideora, lena n-áirítear costais riaracháin, le haghaidh na bhfeithiclí tromshaothair uile, ar leibhéal nach mó ná na huasrátaí a leagtar síos in Iarscríbhinn II.

3. Má ghearrtar muirir úsáideora i dtaca le gluaisteáin paisinéirí, cuirfear úsáid an bhonneagair ar fáil ar feadh na dtréimhsí ama seo a leanas, ar a laghad: ar feadh lae, ar feadh seachtaine nó 10 lá nó an dá rud, ar feadh míosa nó 2 mhí nó an dá rud, agus ar feadh bliana. Ní rachaidh an ráta 2 mhí thar 30 % den ráta bliantúil, ní rachaidh an ráta míosúil thar 19 % den ráta bliantúil, ní rachaidh an ráta 10 lá thar 12 % den ráta bliantúil, ní rachaidh an ráta seachtainiúil thar 11 % den ráta bliantúil agus ní rachaidh an ráta laethúil thar 9 % den ráta bliantúil.

Féadfaidh na Ballstáit teorainn a chur leis an muirear úsáideora laethúil chun críoch idirthurais amháin.

Féadfaidh na Ballstáit úsáid an bhonneagair a chur ar fáil ar feadh tréimhsí ama eile freisin. Sna cásanna sin, gearrfaidh na Ballstáit rátaí i gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne idir úsáideoirí, agus na tosca ábhartha uile á gcur san áireamh, go háirithe an ráta bliantúil agus na rátaí a ghearrtar ar feadh na dtréimhsí ama eile dá dtagraítear sa chéad fhomhír, na patrúin úsáide atá ann agus na costais riaracháin.

Maidir le scéimeanna muirear úsáideora a glacadh roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], féadfaidh na Ballstáit rátaí os cionn na dteorainneacha a leagtar amach sa chéad fhomhír a choimeád, ar choinníoll gur rátaí iad a bhí i bhfeidhm roimh an dáta sin, agus féadfaidh siad rátaí comhfhreagracha níos airde a choimeád ar feadh tréimhsí eile úsáide, i gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne. Mar sin féin, cloífidh siad leis na teorainneacha a leagtar amach sa chéad fhomhír agus leis an dara fomhír a luaithe a thiocfaidh socruithe muirearaithe arna leasú go substaintiúil i bhfeidhm agus, ar a dhéanaí, faoin ... [8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].

4. I gcás mionbhusanna agus feithiclí tráchtála éadroma, cloífidh na Ballstáit le mír 2 nó 3. I gcás ina socraíonn na Ballstáit muirir úsáideora le haghaidh feithiclí tráchtála éadroma a bheidh éagsúil leis na rátaí le haghaidh gluaisteáin paisinéirí, socróidh siad rátaí muirear úsáideora níos airde le haghaidh feithiclí tráchtála éadroma ná le haghaidh gluaisteáin paisinéirí.

5. Faoin ...[5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a indéanta atá sé, ar bhonn teicniúil agus ar bhonn dlíthiúil, idirdhealú a dhéanamh idir an chóir a chuirtear ar fheithiclí tráchtála éadroma éagsúla bunaithe ar thacagraf a bheith feistithe ar an bhfeithicil tráchtála éadrom lena mbaineann nó gan a bheith. Bunaithe ar an measúnú sin, tíolacfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach chun an Treoir seo a leasú dá réir.';

(4) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

*'Airteagal 7aa*

1. Maidir leis na Ballstáit sin a chuir dolaí i bhfeidhm ar a gcroíghréasán tras-Eorpach iompair nó ar chuid de, roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], féadfaidh siad córas muirearaithe comhcheangailte a bhunú le haghaidh na bhfeithiclí tromshaothair uile nó le haghaidh cineálacha áirithe feithiclí tromshaothair.

2. Sa chóras muirearaithe comhcheangailte sin, féadfaidh na Ballstáit, d'ainneoin Airteagal 7(10), muirir úsáideora a ghearradh ar na feithiclí tromshaothair uile nó ar roinnt cineálacha feithiclí tromshaothair, lena n-áirítear ar chatagóirí meáchain áirithe feithiclí tromshaothair ar chroíghréasán tras-Eorpach iompair nó ar stráicí de, i gcomhréir le hAirteagal 7(4).

3. Athrófar na muirir úsáideora dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 7ga agus de réir aicme astaíochtaí Euro. Ina theannta sin, socróidh na Ballstáit muirir úsáideora, lena n-áirítear costais riaracháin, le haghaidh na bhfeithiclí tromshaothair sin lena mbaineann, ar leibhéal nach mó ná na huasrátaí a leagtar síos in Iarscríbhinn II.

4. Na Ballstáit a bunaíonn an scéim muirearaithe chomhcheangailte, déanfaidh siad measúnú tionchair nó anailís ina míneofar agus ina dtabharfar údar cuí lena tabhairt isteach agus tabharfar fógra don Choimisiún ina leith 6 mhí ar a laghad sula dtabharfar isteach í.';

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 7b agus 7c:

*'Airteagal 7b*

1. Bunófar an muirear bonneagair d'fheithiclí tromshaothair ar an bprionsabal go ndéanfar na costais bhonneagair a aisghabháil. Bainfidh an meánmhuirear ualaithe bonneagair d'fheithiclí tromshaothair leis na costais tógála agus na costais a bhaineann leis an ngréasán bonneagair lena mbaineann a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt. Anuas air sin, féadfar toradh ar chaipiteal agus/nó corrlach brabúis atá bunaithe ar dhálaí margaidh a áireamh sa mheánmhuirear ualaithe bonneagair.

2. Bainfidh na costais a chuirtear san áireamh leis an ngréasán nó leis an gcuid den ghréasán ar a dtoibhítear muirir bhonneagair d'fheithiclí tromshaothair agus leis na feithiclí a thagann faoi réir na muirear sin. Féadfaidh na Ballstáit an rogha a dhéanamh gan ach céatadán de na costais sin a aisghabháil.

*Airteagal 7c*

1. Féadfaidh na Ballstáit muirear costas seachtrach a choimeád nó a thabhairt isteach, ar costas é a bhaineann le costas an truaillithe aeir de dheasca tráchta, costas an truaillithe torainn de dheasca tráchta, costas astaíochtaí $CO_2$ de dheasca tráchta nó a bhaineann le haon teaglaim díobh sin.

I gcás ina ngearrtar muirear costas seachtrach ar fheithiclí tromshaothair, déanfaidh na Ballstáit é a athrú agus a shocrú i gcomhréir leis na híoscheanglais agus na modhanna dá dtagraítear in Iarscríbhinn IIIa agus urramóidh sé na luachanna tagartha a leagtar amach in Iarscríbhinní IIIb agus IIIc. Féadfaidh na Ballstáit an rogha a dhéanamh gan ach céatadán de na costais sin a aisghabháil.

2. Socróidh an Ballstát lena mbaineann méid an mhuirir costas seachtrach. Má ainmníonn Ballstát údarás chun na críche sin, beidh an t-údarás sin neamhspleách, ar bhonn dlíthiúil agus airgeadais, ar an eagraíocht atá i gceannas ar chuid den mhuirear nó an muirear ar fad a bhainistiú nó a bhailiú.

3 Féadfaidh na Ballstáit díolúintí a chur i bhfeidhm lena gceadaítear muirir costas seachtrach a choigeartú le haghaidh feithiclí atá ina ndíol spéise ó thaobh na staire de.';

(6) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

*'Airteagal 7ca*

1. Agus muirear costas seachtrach á thobhach le haghaidh truailliú aeir nó truailliú torainn, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na costais a bhaineann leis an ngréasán nó leis an gcuid den ghréasán ar a dtoibheofar an muirear sin agus leis na feithiclí atá faoi réir an mhuirir sin.

2. Ní ghearrfar an muirear costas seachtrach a bhaineann le truailliú aeir de dheasca tráchta ar fheithiclí tromshaothair a chomhlíonann na caighdeáin astaíochtaí Euro is déine.

   Scoirfidh an chéad fhomhír d'fheidhm a bheith aici 4 bliana tar éis an dáta a thosaigh na rialacha lenar tugadh isteach na caighdeáin sin d'fheidhm a bheith acu.

3. Ón ... [4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], gearrfaidh na Ballstáit muirear costas seachtrach, i dtaca le truailliú aeir de dheasca tráchta, ar fheithiclí tromshaothair ar an ngréasán bóithre atá faoi réir dolaí dá dtagraítear in Airteagal 7(1).

   De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan muirear costas seachtrach a ghearradh ar na stráicí bóithre sin i gcás ina mbeadh atreorú na bhfeithiclí is truaillithí mar thoradh air, rud a mbeadh tionchar diúltach aige ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar an tsláinte phoiblí.

4. Féadfaidh na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht muirear costas seachtrach a ghearradh i dtaca le hastaíochtaí $CO_2$ agus i dtaca le truailliú aeir nó lascainí, a bhaineann leis na hastaíochtaí sin, i gcás nach n-athraítear dolaí lamháltais i gcomhréir le hAirteagail 7g agus 7ga i gcás feithiclí tromshaothair, agus i gcomhréir le hAirteagal 7gb i gcás feithiclí saothair éadroim.

Tabharfar fógra don Choimisiún faoi thoradh an mheasúnaithe roghnaigh sin, lena n-áirítear údar cuí leis an gcúis nach ngearrtar an muirear costas seachtrach nó nach gcuirtear lascaine i bhfeidhm.

*Airteagal 7cb*

1. Féadfaidh na Ballstáit muirir costas seachtrach níos airde ná na luachanna tagartha a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIc a ghearradh le haghaidh astaíochtaí $CO_2$, ar choinníoll go ndéanfar é sin ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, agus go mbeidh sé teoranta do mhéid nach mó ná dhá oiread na luachanna a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIc. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit an mhír seo i bhfeidhm, tabharfaidh siad údar cuí dá gcinneadh agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún ina leith i gcomhréir le hIarscríbhinn IIIa.

2. Maidir le busanna agus cóistí, féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh na luachanna céanna nó luachanna is ísle ná na luachanna a ghearrtar ar fheithiclí earraí troma a chur i bhfeidhm.

3. Féadfar muirear costas seachtrach le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ a chomhcheangal le muirear bonneagair a athraíodh i gcomhréir le hAirteagal 7ga.

4. Faoin ... [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht an mhuirearaithe costas seachtrach le haghaidh astaíochtaí $CO_2$, agus ar a chomhleanúnaí atá sé le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*] agus Treoir 2003/96/CE ón gComhairle[**]. Bunaithe ar an measúnú sin, tíolacfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach chun an tAirteagal seo a leasú. I gcás nach ndéanfaí an tAirteagal seo a leasú dá réir faoin 1 Eanáir 2027 ach go ndéanfaí Treoir 2003/87/CE nó Treoir 2003/96/CE a leasú ar bhealach arb é a bhí mar thoradh air gurb amhlaidh a inmheánaíodh cuid ar a laghad de chostais sheachtracha na n-astaíochtaí $CO_2$ ón iompar de bhóthar, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9d den Treoir seo, lena leasaítear Iarscríbhinn IIIc a ghabhann leis an Treoir seo chun luachanna tagartha an mhuirir costas seachtrach le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ a choigeartú, agus an praghas éifeachtach carbóin a ghearrtar ar bhreoslaí iompair de bhóthar san Aontas á chur san áireamh.

---

[*] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

[**] Treoir 2003/96/EC ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51).';

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7d:

*'Airteagal 7d*

Tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis caighdeáin astaíochtaí Euro nua agus níos déine a ghlacadh, tíolacfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach chun na luachanna tagartha comhfhreagracha in Iarscríbhinn IIIb a chinneadh agus chun uasrátaí na muirear úsáideora in Iarscríbhinn II a choigeartú.';

(8) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

*'Airteagal 7da*

1. Féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn V, muirear brú tráchta a thabhairt isteach ar aon stráice dá ngréasán bóithre a ndéanann brú tráchta difear di. Is ar na stráicí bóthair sin a mbíonn brú tráchta orthu go tráthrialta, agus orthu sin amháin, agus le linn na dtréimhsí ina mbíonn na stráicí sin faoi bhrú tráchta go hiondúil, agus lena linn amháin, a fhéadfar an muirear brú tráchta a ghearradh.

2. Déanfaidh na Ballstáit na stráicí bóthair agus na tréimhsí ama dá dtagraítear i mír 1 a shonrú bunaithe ar chritéir oibiachtúla maidir leis an leibhéal a ndéanann brú tráchta difear do na bóithre agus dá gcomharsanacht, arna thomhas, *inter alia*, ó thaobh meánmhoilleanna nó fhaid na scuainí de.

3. Déanfar muirear brú tráchta arna fhorchur ar aon stráice den ghréasán bóithre a chur i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach ar gach catagóir feithiclí, i gcomhréir leis na fachtóirí coibhéise caighdeánacha a leagtar amach in Iarscríbhinn V. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit mionbhusanna, busanna agus cóistí a dhíolmhú ón muirear brú tráchta, go páirteach nó go hiomlán, ar mhaithe le hiompar comhchoiteann agus forbairt shocheacnamaíoch agus comhtháthú críochach a chur chun cinn. Ní dhéileálfar le mótarcharbháin, beag beann ar a n-uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil, mar chóistí ná mar bhusanna chun críoch na míre seo.

4. Socrófar an muirear brú tráchta i gcomhréir leis na híoscheanglais dá dtagraítear in Iarscríbhinn V. Léireofar ann na costais a fhorchuireann feithicil ar úsáideoirí eile bóithre, agus go hindíreach ar an tsochaí, agus urramófar leis na luachanna tagartha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI i gcás aon chineál bóthair ar leith. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát muirir brú tráchta níos airde ná na luachanna tagartha a shonraítear in Iarscríbhinn VI a ghearradh, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún i gcomhréir leis na ceanglais dá dtagraítear in Iarscríbhinn V.

Úsáidfear an t-ioncam a ghintear ó mhuirir brú tráchta, nó a choibhéis i luach airgeadais an ioncaim sin, chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb an bhrú tráchta nó chun iompar inbhuanaithe agus an tsoghluaisteacht i gcoitinne a fhorbairt.

I gcás ina leithdháiltear ioncam den sórt sin ar an mbuiséad ginearálta, measfar gur chuir Ballstát an dara fomhír i bhfeidhm, má chuireann sé beartais tacaíochta airgeadais chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb an bhrú tráchta nó chun iompar agus soghluaisteacht inbhuanaithe a fhorbairt arb ionann a luach agus an t-ioncam a ghintear ó mhuirir brú tráchta.

5. Cuirfidh na Ballstáit sásraí leordhóthanacha i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar thionchar na muirear brú tráchta agus chun leibhéal na muirear brú tráchta a athbhreithniú. Déanfaidh gach Ballstát athbhreithniú ar leibhéal na muirear go tráthrialta, gach 3 bliana ar a laghad, chun a áirithiú nach airde iad ná na costais a bhaineann leis an mbrú tráchta sa Bhallstát sin ar na stráicí bóthair atá faoi réir an mhuirir brú tráchta.';

(9) in Airteagal 7e, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Úsáidfidh na Ballstáit modheolaíocht atá bunaithe ar na bunphrionsabail ríofa a leagtar amach in Airteagal 7b agus in Iarscríbhinn III chun uasleibhéal an mhuirir bonneagair d'fheithiclí tromshaothair a ríomh.

2. I gcás dolaí lamháltais, beidh uasleibhéal an mhuirir bonneagair d'fheithiclí tromshaothair coibhéiseach leis an leibhéal a bheadh mar thoradh ar úsáid modheolaíochta bunaithe ar na bunphrionsabail ríofa a leagtar amach in Airteagal 7b agus in Iarscríbhinn III, nó faoi bhun an leibhéil sin. Déanfar coibhéis den sórt sin a mheas bunaithe ar thréimhse thagartha réasúnta fada de réir mar is iomchuí do chineál an chonartha lamháltais.';

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 7f agus 7g:

*'Airteagal 7f*

1. Tar éis do Bhallstát an Coimisiún a chur ar an eolas, féadfaidh sé uasmharcáil a chur leis an muirear bonneagair a thoibhítear ar stráicí sonracha bóthair a mbíonn brú tráchta orthu go rialta, nó arb é a n-úsáid ag feithiclí is cúis le damáiste suntasach don chomhshaol, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) déantar an t-ioncam a ghintear ón uasmharcáil a infheistiú i maoiniú seirbhísí iompair a fhorbairt, nó i dtógáil bhonneagar iompair an chroíghréasáin thras-Eorpaigh iompair nó i gcothabháil an bhonneagair sin a rannchuidíonn go díreach leis an mbrú tráchta nó an damáiste don chomhshaol a laghdú agus atá suite sa chonair chéanna leis an stráice bóthair ar a gcuirtear an uasmharcáil i bhfeidhm;

(b) leis an uasmharcáil, ní théitear thar 15 % den mheánmhuirear ualaithe bonneagair a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 7b(1) agus Airteagal 7e den Treoir seo, ach amháin i gcás ina ndéantar an t-ioncam a ghintear a infheistiú i stráicí trasteorann de chonair chroíghréasáin a shainaithnítear i gcomhréir le Caibidil IV de Rialachán (AE) 1315/2013, agus sa chás sin ní fhéadfar dul thar 25 % den mheánmhuirear ualaithe bonneagair sin leis an uasmharcáil, nó, i gcás ina gcuireann dhá Bhallstát nó níos mó uashmarcáil i bhfeidhm ar an gconair chéanna, agus sa chás sin, ar chomhaontú ó na Ballstáit go léir atá mar chuid den chonair sin agus atá i gcomharsanacht na mBallstát ar ina gcríoch atá an stráice sin den chonair a bhfuil an uasmharcáil le cur i bhfeidhm uirthi, féadfar dul thar 25 % den mheánmhuirear ualaithe bonneagair sin leis an uasmharcáil sin ach ní fhéadfar dul thar 50 % de leis;

(c) ní bhíonn sé mar thoradh ar an uasmharcáil go gcaithtear go héagórach le trácht tráchtála i gcomparáid le húsáideoirí eile bóithre;

(d) cuirtear faoi bhráid an Choimisiúin, sula gcuirtear an uasmharcáil i bhfeidhm, tuairisc ar an suíomh beacht ina bhfuil an uasmharcáil agus cruthúnas ar chinneadh an bonneagar iompair nó na seirbhísí iompair dá dtagraítear i bpointe (a) a mhaoiniú;

(e) sainítear agus teorannaítear roimh ré an tréimhse a mbeidh an uasmharcáil i bhfeidhm lena linn agus tá an tréimhse sin comhréireach, ó thaobh an ioncaim a bhfuiltear ag súil lena chruinniú, leis na pleananna airgeadais agus an anailís costais agus tairbhe do na tionscadail a chómhaoinítear leis an ioncam ón uasmharcáil.

2. I gcás tionscadal nua trasteorann, ní fhéadfar uasmharcáil a chur leis ach amháin má thoilíonn gach Ballstát atá rannpháirteach sa tionscadal leis sin.

3. Féadfar uasmharcáil a chur i bhfeidhm ar mhuirear bonneagair a athraíodh i gcomhréir le hAirteagal 7g, ga nó 7gb.

4. Tar éis an fhaisnéis is gá a fháil ón mBallstát a bhfuil sé beartaithe aige uasmharcáil a chur i bhfeidhm, cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil do bhaill an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 9c. I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an uasmharcáil atá beartaithe na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, nó i gcás ina measann sé go mbeidh tionchar díobhálach suntasach ag an uasmharcáil atá beartaithe ar fhorbairt eacnamaíoch na réigiún forimeallach, féadfaidh sé gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na pleananna maidir le muirir arna dtíolacadh ag an mBallstát lena mbaineann a dhiúltú nó a iarraidh go ndéanfar na pleananna sin a leasú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9c(3).

5. Ní fhéadfar uasmharcáil a chur i bhfeidhm ar stráici bóthair ar a thoibhítear muirear brú tráchta.

*Airteagal 7g*

1. Féadfar an muirear bonneagair a athrú chun an brú tráchta a laghdú, an damáiste don bhonneagar a íoslaghdú agus an úsáid a bhaintear as an mbonneagar lena mbaineann a bharrfheabhsú nó an tsábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

 (a) tá an t-athrú trédhearcach, cuirtear in iúl don phobal é agus cuirtear ar fáil do gach úsáideoir é ar théarmaí comhionanna;

 (b) cuirtear an t-athrú i bhfeidhm de réir am an lae, de réir chineál an lae nó an tséasúir;

 (c) ní mó aon mhuirear bonneagair ná 175 % os cionn uasleibhéal an mheánmhuirir ualaithe bonneagair dá dtagraítear in Airteagal 7b;

 (d) na buaicthréimhsí a dtoibhítear na muirir bhonneagair níos airde lena linn chun an brú tráchta a laghdú, ní ghabhann siad thar 6 uair an chloig in aghaidh an lae;

 (e) déantar an t-athrú a cheapadh agus a chur i bhfeidhm ar dhóigh atá trédhearcach agus neodrach ó thaobh ioncaim de ar stráice bóthair a ndéanann brú tráchta difear di trí rátaí dola laghdaithe a thairiscint d'úsáideoirí bóithre a thaistealaíonn le linn tréimhsí seachbhuaice agus trí rátaí dola méadaithe a thairiscint d'úsáideoirí bóithre a thaistealaíonn le linn buaicthréimhsí ar an gcuid bóthair chéanna;

 (f) ní thoibhítear aon mhuirear brú tráchta ar an stráice bóthair lena mbaineann.

Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige athrú den sórt sin a thabhairt isteach nó athrú atá ann cheana a athrú, cuirfidh sé é sin in iúl don Choimisiún agus cuirfidh sé ar fáil dó an fhaisnéis is gá chun a mheasúnú an gcomhlíontar na coinníollacha.

2. Go dtí go gcuirfear an t-athrú ar mhuirir bhonneagair agus muirir úsáideora dá dtagraítear in Airteagal 7ga i bhfeidhm i ndáil le feithiclí tromshaothair, déanfaidh na Ballstáit an muirear bonneagair a athrú de réir aicme astaíochtaí Euro na feithicle sa chaoi nach mbeidh aon mhuirear bonneagair níos mó ná 100 % os cionn an mhuirir chéanna ar fheithiclí comhionanna a chomhlíonann na caighdeáin astaíochtaí Euro is déine. A luaithe a athrófar muirir bhonneagair agus muirir úsáideora de bhun Airteagal 7ga, féadfaidh na Ballstáit deireadh a chur leis an athrú de réir aicme astaíochtaí Euro.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh Ballstát a chinneadh gan an ceanglas a chur i bhfeidhm maidir leis an muirear bonneagair a athrú in aon chás díobh seo a leanas:

(a) bhainfeadh sé an bonn go mór de chomhleanúnachas na gcóras dolaí ar a chríoch;

(b) ní bheadh sé praiticiúil go teicniúil idirdhealú den sórt sin a thabhairt isteach sa chóras dolaí lena mbaineann;

(c) d’fhágfadh sé go ndéanfaí na feithiclí is mó truailliú a atreorú agus tionchar díobhálach ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar an tsláinte phoiblí dá bharr;

(d) tá muirear costas seachtrach le haghaidh truailliú aeir ina chuid den dola.

Tabharfar fógra don Choimisiún faoi aon mhaolú nó díolmhú den sórt sin.

3. Ní cheapfar na hathruithe dá dtagraítear san Airteagal seo chun ioncam breise a ghiniúint.';

(11) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

*'Airteagal 7ga*

1. Athróidh na Ballstáit muirir bhonneagair agus muirir úsáideora d'fheithiclí tromshaothair i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Cuirfidh na Ballstáit an t-athrú sin i bhfeidhm ar na foghrúpaí d'fheithiclí tromshaothair a chumhdaítear le hAirteagal 2(1), pointí (a) go (d), de Rialachán (AE) 2019/1242, 2 bhliain ar a dhéanaí tar éis fhoilsiú na n-astaíochtaí tagartha $CO_2$ do na foghrúpaí feithiclí sin sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 11(1) den Rialachán sin.

Maidir le haicmí 1, 4 agus 5 d'astaíochtaí $CO_2$, dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag an athrú sin maidir leis na grúpaí feithiclí tromshaothair nach gcumhdaítear le hAirteagal 2(1), pointí (a) go (d), de Rialachán (AE) 2019/1242, 2 bhliain ar a dhéanaí tar éis fhoilsiú na n-astaíochtaí tagartha $CO_2$ i ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun mhír 7 den Airteagal seo, i gcás an ghrúpa ábhartha. I gcás ina ndéanfar leasú ar phointe 5.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 le gníomh reachtach de chuid an Aontais sa chaoi go gcumhdófar na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ atá ábhartha do ghrúpa feithiclí tromshaothair, ní dhéanfar astaíochtaí tagartha $CO_2$ den sórt sin a chinneadh a thuilleadh de bhun mhír 7 den Airteagal seo, ach i gcomhréir le pointe 5.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

I gcás ina ndéanfar conairí laghdaithe astaíochtaí le haghaidh grúpaí feithiclí tromshaothair nach gcumhdaítear le hAirteagal 2(1), pointí (a) go (d), de Rialachán (AE) 2019/1242 a chinneadh le gníomh reachtach de chuid an Aontais lena leasaítear pointe 5.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, beidh feidhm ag na hathruithe le haghaidh aicmí 2 agus 3 d'astaíochtaí $CO_2$, mar a shainmhínítear i mír 2 den Airteagal seo, ó dháta theacht i bhfeidhm na gconairí nua laghdaithe astaíochtaí.

Gan dochar don laghdú ar rátaí dá bhforáiltear i mír 3, féadfaidh Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rátaí laghdaithe na muirear bonneagair nó úsáideora, nó maidir le díolúintí ó na muirir bhonneagair nó úsáideora a íoc i gcás feithiclí astaíochtaí nialasacha ó aon ghrúpa feithiclí ón ... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] go dtí an 31 Nollaig 2025. Ón 1 Eanáir 2026, ní rachaidh laghduithe den sórt sin thar 75 % i gcomparáid leis an muirear is infheidhme maidir le haicme 1 d'astaíochtaí $CO_2$, mar a shainmhínítear i mír 2.

2. Gan dochar do mhír 1, bunóidh na Ballstáit na haicmí astaíochtaí $CO_2$ seo a leanas le haghaidh gach cineáil feithicle tromshaothair:

(a) aicme 1 d'astaíochtaí $CO_2$ – na feithiclí sin nach mbaineann le haon cheann de na haicmí astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear faoi phointí (b) go (e);

(b) aicme 2 d'astaíochtaí $CO_2$ – feithiclí ón bhfoghrúpa feithiclí sg a chláraítear den chéad uair i dtréimhse thuairiscithe na bliana Y a bhfuil astaíochtaí $CO_2$ acu atá níos mó ná *5* % faoi bhun na conaire laghdaithe astaíochtaí do thréimhse thuairiscithe na bliana Y agus don fhoghrúpa feithiclí sg ach nach mbaineann le haon cheann de na haicmí astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear faoi phointí (c), (d) agus (e);

(c) aicme 3 d’astaíochtaí $CO_2$ – feithiclí ón bhfoghrúpa feithiclí sg a chláraítear den chéad uair i dtréimhse thuairiscithe na bliana Y a bhfuil astaíochtaí $CO_2$ acu atá níos mó ná 8 % faoi bhun na conaire laghdaithe astaíochtaí do thréimhse thuairiscithe na bliana Y agus don fhoghrúpa feithiclí sg nach mbaineann le haon cheann de na haicmí astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear faoi phointí (d) agus (e);

(d) aicme 4 d’astaíochtaí $CO_2$ – feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle;

(e) aicme 5 d’astaíochtaí $CO_2$ – feithiclí astaíochtaí nialasacha.

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar aicmiú feithicle a bhaineann le haicme 2 nó 3 d’astaíochtaí $CO_2$ a athmheasúnú gach 6 bliana tar éis dháta a céadchláraithe agus, i gcás inarb ábhartha, go ndéanfar an fheithicil a athaicmiú san aicme astaíochtaí ábhartha ar bhonn na dtairseach is infheidhme ag an am sin. Beidh éifeacht ag an athaicmiú, maidir le muirear úsáideora, ar a dhéanaí ar a chéad lá bailíochta a tharlóidh lá an athaicmithe nó a tharlóidh i ndiaidh lá an athaicmithe sin.

3. Gan dochar do mhír 1, beidh feidhm ag muirir laghdaithe maidir le feithiclí in aicmí 2, 3, 4 agus 5 d’astaíochtaí $CO_2$ mar a leanas:

(a) aicme 2 d’astaíochtaí $CO_2$ – laghdú idir 5 % agus 15 % i gcomparáid leis an muirear is infheidhme maidir le haicme 1 d’astaíochtaí $CO_2$;

(b) aicme 3 d’ astaíochtaí $CO_2$ – laghdú idir 15 % agus 30 % i gcomparáid leis an muirear is infheidhme maidir le haicme 1 d’astaíochtaí $CO_2$;

(c) aicme 4 d’astaíochtaí $CO_2$ – laghdú idir 30 % agus 50 % i gcomparáid leis an muirear is infheidhme maidir le haicme 1 d’astaíochtaí $CO_2$;

(d) aicme 5 d’astaíochtaí $CO_2$ – laghdú idir 50 % agus 75 % i gcomparáid leis an muirear is infheidhme maidir le haicme 1 d’astaíochtaí $CO_2$.

I gcás ina ndéanfar an muirear bonneagair nó an muirear úsáideora a athrú de réir aicme astaíochtaí Euro chomh maith, beidh feidhm ag na laghduithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomparáid leis an muirear arna ghearradh ar na caighdeáin astaíochtaí Euro is déine.

4. Ní cheapfar na hathruithe dá dtagraítear san Airteagal seo chun ioncam breise a ghiniúint.

5. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh Ballstát a chinneadh gan an ceanglas a chur i bhfeidhm i dtaca leis an muirear bonneagair a athrú i gcomhréir le mír 2 i gcás ina ndéantar muirear costas seachtrach le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ a thobhach agus a athrú de réir luachanna tagartha an mhuirir costas seachtrach le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ in Iarscríbhinn IIIc.

6. Ar stráicí bóthair ar a n-oibrítear feithicil gan astaíochtaí $CO_2$ ar bhealach infhíoraithe, féadfaidh na Ballstáit muirir laghdaithe a ghearradh ar an bhfeithicil sin i gcomhréir le haicme 5 d'astaíochtaí $CO_2$. Maidir leis na Ballstáit a bhainfidh úsáid as an rogha sin, déanfaidh siad na muirir is infheidhme maidir le haicme 1 d'astaíochtaí $CO_2$ a ghearradh ar an bhfeithicil sin ar stráicí eile bóthair.

7. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ a shonrú maidir leis na grúpaí feithiclí nach gcumhdaítear le hAirteagal 2(1), pointí (a) go (d), de Rialachán (AE) 2019/1242.

Leis na gníomhartha cur chun feidhme sin, atáirgfear na sonraí is ábhartha do gach grúpa feithiclí arna bhfoilsiú sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/956. Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme sin ar a dhéanaí 6 mhí tar éis fhoilsiú na tuarascála ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/956.

8 Faoin .... [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur chun feidhme agus éifeachtacht an athraithe ar mhuirir bunaithe ar astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear san Airteagal seo, agus déanfaidh sé measúnú freisin an bhfuil an t-athrú fós riachtanach agus ar chomhleanúnachas an athraithe le Treoracha 2003/87/CE agus 2003/96/CE. Bunaithe ar an measúnú sin, i gcás inarb iomchuí, tíolacfaidh an Coimisiún togra reachtach chun forálacha ábhartha na Treorach seo maidir leis an athrú ar mhuirir ar bhonn astaíochtaí $CO_2$ a leasú.

9. Gach 5 bliana tar éis an…[dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na huasrátaí le haghaidh na muirear úsáideora atá in Iarscríbhinn II agus ar na leibhéil laghdúcháin dá dtagraítear i mír 3, agus, i gcás inarb iomchuí, tíolacfaidh sé togra reachtach, bunaithe ar thorthaí an phróisis athbhreithnithe sin, chun na forálacha sin a leasú.

10. Gach 30 mí tar éis an…[dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas ina ndéanfar measúnú ar oiriúnacht na dtairseach d'aicmí 2 agus 3 d'astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear in Airteagal 7ga(2), pointí (b) agus (c), den Treoir seo maidir leis na hastaíochtaí tagartha a foilsíodh i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/1242 nó maidir leis na hastaíochtaí $CO_2$ a tuairiscíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/956, agus i gcás inarb iomchuí tíolacfaidh sé togra reachtach chun na tairseacha sin a leasú bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe sin.

11. Ní bheidh cur i bhfeidhm an athraithe ar mhuirir de réir astaíochtaí $CO_2$ dá dtagraítear san Airteagal seo éigeantach i gcás ina mbeidh feidhm ag beart eile de chuid an Aontais maidir le praghsáil carbóin i leith breosla iompair bóthair.

*Airteagal 7gb*

1. Féadfaidh na Ballstáit dolaí agus muirir úsáideora a idirdhealú le haghaidh feithiclí saothair éadroim de réir fheidhmíocht chomhshaoil na feithicle arna cinneadh leis na hastaíochtaí sonracha comhcheangailte $CO_2$, nó ualaithe comhcheangailte, arna dtaifeadadh in iontráil 49 de dheimhniú comhréireachta na feithicle, agus de réir fheidhmíocht astaíochtaí Euro.

Gan dochar do mhír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag rátaí níos ísle dolaí agus muirear úsáideora i gcás gluaisteáin paisinéirí, mionbhusanna agus feithiclí tráchtála éadroma a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas araon:

(a) is ionann agus nialas a n-astaíochtaí sonracha $CO_2$, arna gcinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún* , nó beidh na hastaíochtaí sin faoi bhun na leibhéal seo a leanas:

(i) don tréimhse 2021 go 2024, spriocanna 2021 le haghaidh fhlít uile an Aontais arna gcinneadh i gcomhréir le Cuid A, pointe 6, agus Cuid B, pointe 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

(ii) don tréimhse 2025 go 2029, na spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais arna gcinneadh i gcomhréir le Cuid A, pointe 6.1.1, agus Cuid B, pointe 6.1.1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631;

(iii) don tréimhse ó 2030 ar aghaidh, na spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais arna gcinneadh i gcomhréir le Cuid A, pointe 6.1.2, agus Cuid B, pointe 6.1.2, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631;

(b) sonrófar na hastaíochtaí truailleán a bhaineann leo, arna gcinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1151, sa tábla in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir seo. Féadfaidh na Ballstáit an laghdú le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir seo a chur i bhfeidhm gan laghduithe a chur i bhfeidhm le haghaidh na gcatagóirí eile feidhmíochta astaíochtaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin.

2. Ón 1 Eanáir 2026, nuair is indéanta go teicniúil, athróidh na Ballstáit na dolaí agus ráta bliantúil na muirear úsáideora i gcás veaineanna agus mionbhusanna de réir fheidhmíocht chomhshaoil na feithicle, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VII. Chun na críche sin, is forálacha táscacha a bheidh i bhforálacha an dara fomhír de mhír 1.

I gcás ina roghnaíonn Ballstáit critéir feidhmíochta astaíochtaí nó leibhéil laghdaithe a chur i bhfeidhm atá éagsúil ó na cinn a leagtar amach i mír 1, nó ina roghnaíonn siad critéir éagsúla nó bhreise a chur san áireamh, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoina roghanna agus tabharfaidh siad údar cuí leo, 6 mhí ar a laghad sula dtabharfar aon athrú isteach.

Féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh, áfach, laghduithe a chur i bhfeidhm ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha, agus orthu amháin, gan aon athrú a chur i bhfeidhm ar fheithiclí eile agus gan fógra a thabhairt don Choimisiún.

3. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i míreanna 1 agus 2, féadfaidh na Ballstáit feabhas ar fheidhmíocht chomhshaoil na feithicle a bhaineann le tiontú na feithicle sin go breoslaí malartacha a chur san áireamh.

4. Féadfaidh na Ballstáit bearta eisceachtúla a ghlacadh chun na críche muirear a ghearradh ar fheithiclí ar díol spéise staire iad.

5. Ní cheapfar na hathruithe dá dtagraítear san Airteagal seo chun ioncam breise a ghiniúint.

---

* Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 (IO L 175, 7.7.2017, lch. 1).

** Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena leagtar amach na caighdeáin feidhmíochta $CO_2$ maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 443/2009 agus (AE) Uimh. 510/2011 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13).';

(12) leasaítear Airteagal 7h mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘1. 6 mhí ar a laghad sula ndéanfar socrú dolaí maidir le muirear bonneagair, ar socrú nua nó socrú arna leasú go substaintiúil é, a chur chun feidhme, cuirfidh na Ballstáit an méid seo a leanas chuig an gCoimisiún:’;

(ii) i bpointe (a), cuirtear an fhleasc seo a leanas leis:

‘— i gcás inarb infheidhme, faisnéis shoiléir faoi phríomhthréithe an chórais leictreonaigh dolaí bóthair, lena n-áirítear maidir le hidir-inoibritheacht.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1a. Agus faisnéis á cur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le mír 1, féadfaidh Ballstát faisnéis a áireamh faoi níos mó ná leasú amháin ar shocrú dolaí maidir le muirear bonneagair . I gcás inar cuireadh an Coimisiún ar an eolas cheana faoi leasú , measfar go bhfuil na ceanglais maidir le faisnéis a thabhairt atá i mír 1 comhlíonta ag an mBallstát cheana féin agus féadfar an leasú sin a chur chun feidhme gan tuilleadh faisnéise a thabhairt don Choimisiún.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Sula ndéanfar socrú dolaí maidir le muirear costas seachtrach nó muirear brú tráchta, ar socrú nua nó socrú arna leasú go substaintiúil é, a chur chun feidhme, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin ngréasán lena mbaineann, na rátaí in aghaidh na catagóire feithicle agus na haicme astaíochtaí atá beartaithe agus, i gcás inarb infheidhme, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún i gcomhréir le hIarscríbhinn IIIa, pointe 2, nó le hIarscríbhinn V, pointe 2.’;

(d) scriostar mír 4.

(13) leasaítear Airteagal 7i mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

‘(b) is léiriú iad lascainí nó laghduithe den sórt sin ar choigilteas iarbhír ar na costais riaracháin a bhaineann leis an mbealach a chaitear le húsáideoirí rialta i gcomparáid le húsáideoirí ócáideacha;

(c) ní théann na laghduithe thar 13 % den mhuirear bonneagair arna íoc ag feithiclí comhionanna nach bhfuil incháilithe don lascaine nó don laghdú.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le lascainí nó laghduithe ar an muirear bonneagair le haghaidh gluaisteáin paisinéirí le haghaidh úsáideoirí rialta, go háirithe i limistéir ina bhfuil lonnaíochtaí scaipthe agus ar imeall cathracha. Ní dhéanfar laghdú ar ioncam mar gheall ar lascaine arna deonú d’úsáideoirí rialta a fhorchur ar úsáideoirí eile is lú úsáid.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 7g(1), pointe (b), agus in Airteagal 7g(3) den Treoir seo, féadfaidh rátaí dola, i ndáil le mórthionscadail an chroíghréasáin thras-Eorpaigh iompair, a sainaithnítear na léarscáileanna díobh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, féadfaidh siad a bheith faoi réir bealaí eile leis na rátaí a athrú chun inmharthanacht tráchtála na dtionscadal sin a áirithiú i gcás ina bhfágtar gan chosaint iad ar iomaíocht dhíreach le modhanna eile iompair. Beidh an struchtúr muirearaithe dá thoradh sin líneach agus comhréireach. Cuirfear mionsonraí an struchtúir sin ar fáil don phobal agus, beidh sé ar fáil do na húsáideoirí uile ar théarmaí comhionanna. Ní ghearrfar costais bhreise ar úsáideoirí eile i bhfoirm dolaí níos airde dá bharr.’;

(14) leasaítear Airteagal 7j mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfar dolaí agus muirir úsáideora a ghearradh agus a bhailiú agus déanfar faireachán ar íocaíocht na ndolaí agus na muirear úsáideora sa chaoi go mbeidh an bac is lú is féidir ar shaorshruth tráchta agus go seachnófar aon rialuithe nó seiceálacha éigeantacha ag teorainneacha inmheánacha an Aontais. Chuige sin, oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile agus modhanna á mbunú lena gcumasófar d'úsáideoirí bóithre dolaí agus muirir úsáideora a íoc 24 uair an chloig in aghaidh an lae, go leictreonach ar a laghad, nó, ar an teorainn nó sna mór-ionaid díola, trí mhodhanna íocaíochta coitianta a úsáid, laistigh de na Ballstáit ina ngearrtar iad agus lasmuigh díobh. Níl sé d'oibleagáid ar na Ballstáit pointí fisiciúla íocaíochta a chur ar fáil.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'2a. I gcás nach mbeidh tiománaí nó, más iomchuí, an t-oibreoir iompair nó soláthraí Sheirbhís Dola Leictreonaigh na hEorpa (SDLE), in ann fianaise a sholáthar maidir le haicme astaíochtaí na feithicle chun críocha Airteagal 7g(2), Airteagal 7ga, nó Airteagal 7gb, féadfaidh na Ballstáit dolaí nó muirir úsáideora a ghearradh suas go dtí an leibhéal inmhuirearaithe is airde.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir leis an úsáideoir bóithre aicme astaíochta na feithicle a dhearbhú, trí mheán leictreonach ar a laghad, sula n-úsáidfidh an t-úsáideoir bóithre an bonneagar. Féadfaidh na Ballstáit meán leictreonach agus meán neamhleictreonach a thairiscint chun cur ar chumas an úsáideora fianaise a chur ar fáil chun tairbhe a bhaint as laghduithe dolaí nó, i gcás inarb iomchuí, i gcás seiceála. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal go ndéanfar fianaise arna soláthar trí mheán leictreonach a chur ar fáil sula n-úsáidtear an bonneagar.

Féadfaidh na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go nglacfar le fianaise arna soláthar i ndiaidh úsáid an bhonneagair ar feadh 30 lá nó ar feadh tréimhse níos faide a chinnfidh na Ballstáit tar éis úsáid an bhonneagair agus chun a áirithiú go n-aisíocfar aon difríocht idir na dolaí nó na muirir úsáideora a ghearrtar agus an dola nó muirear úsáideora a chomhfhreagraíonn d'aicme astaíochtaí na feithicle lena mbaineann a thagann ó fhianaise arna soláthar laistigh den teorainn ama is infheidhme.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

'3. I gcás ina dtoibheoidh Ballstát dola ar fheithicil, léireofar méid iomlán an dola, méid an mhuirir bonneagair, méid an mhuirir costas seachtrach, agus méid an mhuirir brú tráchta, i gcás ina ngearrtar é, in admháil a thabharfar don úsáideoir bóithre, trí mhéan leictreonach i gcás inar féidir é. Féadfaidh an t-úsáideoir bóithre toiliú gan an admháil a fháil.

4. I gcás inarb indéanta go heacnamaíoch, déanfaidh na Ballstáit muirir bhonneagair, muirir costas seachtrach agus muirir brú tráchta a thobhach agus a bhailiú trí bhíthin córas leictreonach dolaí bóthair a chomhlíonann forálacha Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*. Déanfaidh an Coimisiún comhar a chur chun cinn idir na Ballstáit a bhfuil gá leis chun idir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair a áirithiú ar an leibhéal Eorpach.

________________

* Treoir (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair agus lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi mhainneachtain dolaí a íoc san Aontas (IO L 91, 29.3.2019, lch. 45).';

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7k:

*'Airteagal 7k*

Gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní dhéanann an Treoir seo difear do shaoirse na mBallstát a thugann isteach córas dolaí chun foráil a dhéanamh maidir le cúiteamh iomchuí.';

(16) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

‘(a) ach an muirear úsáideora comhchoiteann a íoc, tabharfar rochtain ar an ngréasán arna shainiú ag na Ballstáit rannpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus (2);

(b) socróidh na Ballstáit rannpháirteacha rátaí na muirear úsáideora comhchoiteann ag leibhéil nach airde iad ná na huasrátaí dá dtagraítear in Airteagal 7a;’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. I gcás comhchóras le haghaidh muirir úsáideora dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, cuirtear síneadh le dáta deiridh chur i bhfeidhm na n-athruithe dá dtagraítear sa dara fomhír agus sa tríú fomhír d’Airteagal 7ga(1) go dtí an…[ 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], nó i gcás ina bhfoilsítear na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ tar éis an…[dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], 3 bliana tar éis fhoilsiú na n-astaíochtaí tagartha $CO_2$.’;

(17) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1a:

'1a. Leis an Treoir seo, ní chuirfear cosc ar na Ballstáit na nithe seo a leanas a ghearradh:

(a) muirir rialála atá ceaptha go sonrach chun brú tráchta a laghdú nó tionchar comhshaoil a chomhrac, lena n-áirítear droch-cháilíocht aeir, ar aon bhóithre atá suite i limistéar uirbeach, lena n-áirítear bóithre de chuid an ghréasáin thras-Eorpaigh a thrasnaíonn limistéir uirbeacha;

(b) muirir atá ceaptha go sonrach chun tógáil, oibriú, cothabháil agus forbairt suiteálacha a mhaoiniú, atá leabaithe i mbóithre nó a chuirtear in úsáid ar bhóithre nó thar bhóithre, lena soláthraítear fuinneamh d'fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha atá ag gluaiseacht agus arna dtobhach ar fheithiclí den sórt sin.

Déanfar na muirir sin a ghearradh ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.';

(b) scriostar an dara fomhír de mhír 2;

(18) in Airteagal 9c, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.';

(19) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 9d agus 9e:

*'Airteagal 9d*

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9e chun an Treoir seo a leasú i ndáil le hIarscríbhinn 0, na foirmlí i bpointí 4.1 agus 4.2 d'Iarscríbhinn IIIa, , agus na méideanna a léirítear sna Táblaí in Iarscríbhinní IIIb agus IIIc chun iad a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

Sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 7cb(4), déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a *ghlacadh* i gcomhréir le hAirteagal 9e, chun an Treoir seo a leasú i ndáil le luachanna tagartha an mhuirir costas seachtrach le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ a leagtar amach in Iarscríbhinn *IIIc*, agus an praghas éifeachtach carbóin a chuirtear i bhfeidhm ar bhreoslaí iompair de bhóthar san Aontas á chur san áireamh. Beidh leasuithe den sórt sin teoranta dá áirithiú nach dtéann leibhéal na muirear costas seachtrach le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ thar a bhfuil riachtanach chun na costais sheachtracha sin a inmheánú.

*Airteagal 9e*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9d a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón ... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9d a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9d i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

______________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.';

(20) scriostar Airteagail 9f agus 9g;

(21) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 10a agus 11:

*'Airteagal 10a*

1. Déanfar na méideanna in euro a leagtar síos in Iarscríbhinn II agus na méideanna in cent a leagtar síos sna táblaí in Iarscríbhinní IIIb agus IIIc a oiriúnú gach 2 bhliain chun athruithe ar an Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna uile-Aontais do Thomhaltóirí (ICPT) a chur san áireamh, cé is moite d'fhuinneamh agus de bhia neamhphróiseáilte, arna fhoilsiú ag an gCoimisiún (Eurostat). Déanfar an chéad oiriúnú faoin 31 Márta ... [an bhliain i ndiaidh 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].

Déanfar na méideanna a nuashonrú go huathoibríoch, tríd an mbunmhéid in euro nó cent a oiriúnú de réir an athraithe céatadáin san innéacs sin. Déanfar na méideanna a bheidh mar thoradh air sin a shlánú suas go dtí an euro is gaire i dtaca le hIarscríbhinn II, a shlánú suas go dtí an deichiú is gaire de cent i dtaca le hIarscríbhinní IIIb agus IIIc.

2. Foilseoidh an Coimisiún na méideanna oiriúnaithe dá dtagraítear i mír 1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faoin 31 Márta ... [an bhliain i ndiaidh 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. Tiocfaidh na méideanna oiriúnaithe sin i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis a bhfoilsithe.

*Airteagal 11*

1. Faoin ... [3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], agus gach 5 bliana dá éis, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil i bhfoirm chomhiomlán ar fáil don phobal maidir le dolaí agus muirir úsáideora arna dtobhach ar a gcríoch féin.

2. Sa tuarascáil a chuirfear ar fáil don phobal de bhun mhír 1, áireofar faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) éabhlóid an mhuirir ar úsáid an bhonneagair bóthair, eadhon na gréasáin agus na catagóirí feithiclí a chumhdaítear, lena n-áirítear aon díolúine de bhun Airteagal 7, 7c nó 7gb;

(b) an t-athrú ar mhuirir bhonneagair nó muirir úsáideora de réir na catagóire feithicle agus an chineáil feithicle tromshaothair;

(c) an t-athrú ar mhuirir bhonneagair nó ar mhuirir úsáideora i gcomhréir le feidhmíocht chomhshaoil feithiclí, de bhun Airteagal 7g, 7ga, nó 7gb;

(d) i gcás arb infheidhme, an t-athrú ar mhuirir bhonneagair de réir am an lae, chineál an lae, nó an tséasúir, de bhun Airteagal 7g(1);

(e) an muirear costas seachtrach a toibhíodh i gcás gach teaglaim d'aicme feithiclí, de chineál bóthair agus de thréimhse ama;

(f) an meánmhuirear ualaithe bonneagair agus an t-ioncam iomlán a cruinníodh leis an muirear bonneagair;

(g) an t-ioncam iomlán a cruinníodh le muirir costas seachtrach;

(h) an t-ioncam iomlán a cruinníodh le muirir brú tráchta in aghaidh na catagóire feithicle;

(i) na hioncam iomlána a cruinníodh trí uasmharcálacha agus na stráicí bóthair ar toibhíodh iad ina leith;

(j) na hioncam iomlána a cruinníodh le dolaí nó muirir úsáideora, nó, i gcás inarb infheidhme, an dá cheann;

(k) úsáid an ioncaim arna ghiniúint tríd an Treoir seo a chur i bhfeidhm, agus conas a chuir an úsáid sin ar chumas an Bhallstáit na spriocanna dá dtagraítear in Airteagal 9(2) a bhaint amach, nó, i gcás ina leithdháilfear ioncam den sórt sin ar an mbuiséad ginearálta, faisnéis faoi leibhéal an chaiteachais arna leithdháileadh ar bhonneagar iompair de bhóthar agus ar thionscadail iompair inbhuanaithe; agus

(l) éabhlóid sciar na bhfeithiclí a bhaineann leis na haicmí astaíochta éagsúla ar bhóithre atá faoi réir dolaí.

Na Ballstáit a chuireann an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí ar líne, féadfaidh siad a chinneadh gan an tuarascáil a tharraingt suas.';

(22) leasaítear na hIarscríbhinní mar a leanas:

(a) leasaítear Iarscríbhinní 0, II, III, IIIa, IIIb agus IV i gcomhréir le pointí 1, 2, 3, 4, 5, agus 7 d'Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo;

(b) cuirtear an téacs a leagtar amach i bpointí 6 agus 8 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo leo mar Iarscríbhinní IIIc, V, VI agus VII a ghabhann le Treoir 1999/62/CE.

*Airteagal 2*

*Leasuithe ar Threoir 1999/37/CE*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 1999/37/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.6(V.7):

‘(V.7) $CO_2$ (in g/km) nó astaíochtaí sonracha $CO_2$ i gcás ina léirítear sin in áit 49.5 de Dheimhniú Comhréireachta i leith feithiclí tromshaothair a shainítear san Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún* nó in áit 49.5 de dheimhniú ar cheadú feithicle aonair a shainítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin,

______________

* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2020 lena gcuirtear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun feidhme a mhéid a bhaineann leis na ceanglais riaracháin maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu (IO L 163, 26.5.2020, lch. 1).’;

(2) cuirtear an pointe seo a leanas léi:

'(V.10) aicme astaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí tromshaothair arna cinneadh tráth an chéad chlárúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 7ga(2) de Threoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

---

* Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirir a ghearradh ar fheithiclí earraí troma as bonneagar áirithe a úsáid (IO L 187, 20.7.1999, lch. 42).'.

*Airteagal 3*

*Leasú ar Threoir (AE) 2019/520*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/520, an Roinn 'Eilimintí sonraí arna soláthar mar thoradh ar an gcuardach uathoibrithe arna dhéanamh de bhun Airteagal 23(1)', Cuid I 'Sonraí a bhaineann le feithiclí', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an Tábla:

'Cuid I. Sonraí a bhaineann le feithiclí

| Ítim | É/R 1) | Nótaí |
|---|---|---|
| Uimhir chlárúcháin | É | |
| Uimhir fonnaidh/Uimhir aitheantais feithicle (VIN) | É | |
| Ballstát an chlárúcháin | É | |
| An cineál Déanamh | É | (D.1(2)) e.g. Ford, Opel, Renault |
| Cineál tráchtála na feithicle | É | (D.3) e.g. Focus, Astra, Megane |

| Ítim | É/R [1)] | Nótaí |
|---|---|---|
| Cód Catagóire AE | É | (J) e.g. móipéidí, gluaisrothair, gluaisteáin |
| Aicme astaíochtaí Euro | É | e.g. Euro 4, Euro 6 |
| Aicme astaíochtaí CO2 | R | is infeidhme maidir le feithiclí tromshaothair |
| Dáta athaicmithe | R | is infeidhme maidir le feithiclí tromshaothair |
| CO2 in g/tkm | R | is infeidhme maidir le feithiclí tromshaothair |
| An uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil don fheithicil | É | |

(1) É = éigeantach má tá sé ar fáil sa chlár náisiúnta, R = roghnach.
(2) Cód Comhchuibhithe an Aontais, féach Treoir 1999/37/CE.'.

*Airteagal 4*

*Trasuí*

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin ... [2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 5*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

*Airteagal 6*

*Seolaithe*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh in Strasbourg,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# IARSCRÍBHINN

(1) I bpointe 3 d'Iarscríbhinn 0 a ghabhann le Treoir 1999/62/CE, cuirtear an Tábla seo a leanas léi:

'Teorainneacha Astaíochtaí Euro VI

| | Teorainnluachanna | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | CO (mg/kWh) | THC (mg/kWh) | NMHC (mg/kWh | $CH_4$ (mg/kWh) | $NO_X$ (1) (mg/kWh) | $NH_3$ (ppm) | Mais PM (mg/kWh) | Uimhir PM (#/kWh) |
| WHSC (AC) | 1500 | 130 | | | 400 | 10 | 10 | 8.0 x $10^{11}$ |
| WHTC (AC) | 4000 | 160 | | | 460 | 10 | 10 | 6,0 x $10^{11}$ |
| WHTC (AD) | 4000 | | 160 | 500 | 460 | 10 | 10 | 6,0 x $10^{11}$ |

Tabhair faoi deara:

AD = Adhaint Dheimhneach.
AC = Adhaint Chomhbhrú.
(1) Féadfar leibhéal inghlactha an chomhábhair $NO_2$ i dteorainnluach $NO_x$ a shainiú tráth níos faide anonn.';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 1999/62/CE:

‘IARSCRÍBHINN II

UASMHÉIDEANNA IN EURO DE MHUIRIR ÚSÁIDEORA, LENA N-ÁIRÍTEAR COSTAIS RIARACHÁIN, DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 7a(2)

Bliantúil

| | trí acastóir ar a mhéad | ceithre acastóir ar a laghad |
|---|---|---|
| Euro 0 | 1 899 | 3 185 |
| Euro I | 1 651 | 2 757 |
| Euro II | 1 428 | 2 394 |
| Euro III | 1 242 | 2 073 |
| Euro IV | 1 081 | 1 803 |
| Euro V | 940 | 1 567 |
| Euro VI | 855 | 1 425 |

Míosúil, seachtainiúil agus laethúil

Tá na huasrátaí míosúla, seachtainiúla agus laethúla i gcomhréir le fad na húsáide a bhaintear as an mbonneagar.’;

(3) Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 1999/62/CE mar a leanas:

(a) i bpointe 2.1., cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú fleasc:

'– Déanfar na costais a chionroinnt ar fheithiclí tromshaothair ar bhonn oibiachtúil trédhearcach agus an sciar de thrácht feithiclí tromshaothair atá le hiompar ar an ngréasán agus na costais a bhaineann leis sin á gcur san áireamh. Féadfar na ciliméadair feithicle arna dtaisteal ag feithiclí tromshaothair a choigeartú chun na críche sin le 'fachtóirí coibhéise' a bhfuil údar oibiachtúil leo amhail iad sin a leagtar amach i bpointe 4[1].';

(b) i bpointe 2.2., cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fleasc:

'– Déanfar costais den sórt sin a chionroinnt idir trácht feithiclí tromshaothair agus trácht eile ar bhonn sciartha iarbhír agus tuartha de chiliméadair feithicle agus féadfar iad a choigeartú le fachtóirí coibhéise a bhfuil údar oibiachtúil leo amhail iad sin a leagtar amach i bpointe 4.';

(c) i bpointe 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

'4. An sciar den trácht feithicle tromshaothair, na fachtóirí coibhéise agus an sásra ceartúcháin';

1 Agus na Ballstáit ag cur fachtóirí coibhéise i bhfeidhm, féadfar tógáil bóthair a chur san áireamh, bíodh sin forbartha ar bhonn céimnithe nó trí úsáid a bhaint as cur chuige i leith saolré fhada.

(d) i bpointe 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhleisce:

‘– Déanfar ríomh na ndolaí a bhunú ar bhonn sciartha iarbhír nó tuartha de chiliméadair feithicle tromshaothair arna gcoigeartú, más inmhianaithe, le fachtóirí coibhéise, chun na costais mhéadaithe a bhaineann le bonneagar a thógáil agus a dheisiú lena n-úsáid ag feithiclí tromshaothair a chur san áireamh mar is iomchuí.’;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IIIa a ghabhann le Treoir 1999/62/CE:

‘IARSCRÍBHINN IIIa

ÍOSCHEANGLAIS MAIDIR LE MUIREAR COSTAS SEACHTRACH A THOBHACH

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na híoscheanglais maidir le muirear costas seachtrach a thobhach agus, i gcás inarb iomchuí, maidir le huasmhuirear costas seachtrach a ríomh.

1. Na codanna den ghréasán bóithre lena mbaineann

Sonróidh an Ballstát go beacht an chuid sin nó na codanna sin dá ghréasán bóithre atá le bheith faoi réir muirear costas seachtrach.

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát muirear costas seachtrach a thobhach ar chuid nó ar chodanna den ghréasán bóithre atá comhdhéanta dá sciar den ghréasán tras-Eorpach bóithre agus dá mhótarbhealaí, agus uirthi nó orthu amháin, roghnófar an chuid nó na codanna tar éis measúnú a dhéanamh lena suífear go bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha ar an gcomhshaol, ar an tsláinte phoiblí nó ar an tsábháilteacht ar bhóithre a bheith ann de bharr muirear costas seachtrach a fhorchur ar chodanna eile den ghréasán bóithre atá comhdhéanta ar an gcaoi sin.

Ón ... [4 bliana tar éis dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige gan muirear costas seachtrach a thobhach maidir le truailliú aeir ar stráicí sonracha dá ghréasán bóithre atá faoi réir dolaí, roghnóidh sé na stráicí sonracha sin freisin ar bhonn measúnú den sórt sin.

2. Na feithiclí, na bóithre agus an tréimhse ama a chumhdaítear

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát muirir costas seachtrach níos airde ná na luachanna tagartha a shonraítear in Iarscríbhinn IIIb nó IIIc a ghearradh, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoin aicmiú feithiclí a mbeidh athrú ar an muirear costas seachtrach ina leith. I gcás inarb infheidhme, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi shuíomh na mbóithre atá faoi réir muirir costas seachtrach níos airde (‘bóithre fo-uirbeacha (lena n-áirítear mótarbhealaí)’), agus faoi shuíomh na mbóithre atá faoi réir muirir costas seachtrach níos ísle (‘bóithre idiruirbeacha (lena n-áirítear mótarbhealaí)’).

I gcás inarb infheidhme, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún chomh maith faoi na tréimhsí ama cruinne a chomhfhreagraíonn do thréimhse na hoíche ar lena linn a fhéadfar muirear costas seachtrach níos airde i leith torainn a fhorchur mar léiriú ar núiseanna torainn níos mó.

Déanfar bóithre a aicmiú ina mbóithre fo-uirbeacha (lena n-áirítear mótarbhealaí) agus ina mbóithre idiruirbeacha (lena n-áirítear mótarbhealaí) agus déanfar tréimhsí ama a shainiú bunaithe ar chritéir oibiachtúla maidir le leibhéal neamhchosanta na mbóithre agus a gcomharsanachta ar an truailliú, amhail dlús daonra, an meán bliantúil maidir le truailliú aeir (go háirithe do PM10 agus NO2) agus an líon laethanta (do PM10) agus uaireanta an chloig (NO2) a shárófar teorainnluachanna arna mbunú faoi Threoir 2008/50/CE. Cuirfear na critéir a úsáidfear san fhógra.

3. Méid an mhuirir

Beidh feidhm ag an roinn seo i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát muirir costas seachtrach níos airde ná na luachanna tagartha a shonraítear in Iarscríbhinn IIIb nó IIIc a ghearradh.

Maidir le gach aicme feithicle, cineál bóthair agus tréimhse ama, de réir mar is infheidhme, cinnfidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách méid sonrach aonair. Beidh an struchtúr muirearaithe dá thoradh sin trédhearcach, cuirfear ar fáil don phobal é agus beidh sé ar fáil do gach úsáideoir ar théarmaí comhionanna. Ba cheart an fhaisnéis a fhoilsiú go tráthúil sula gcuirfear chun feidhme é. Chun go dtuigfear mar a ríomhtar na heilimintí éagsúla a bhaineann leis na costais sheachtracha, cuirfear gach paraiméadar, gach sonra agus gach faisnéis eile is gá ar fáil don phobal.

Agus na muirir á socrú aige, beidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách faoi threoir ag prionsabal na praghsála éifeachtúla ar praghas é atá gar do chostas imeallach sóisialta úsáid na feithicle ar a ngearrfar an muirear.

Socrófar an muirear tar éis breithniú a dhéanamh ar an riosca ar atreorú tráchta in éineacht le haon tionchar díobhálach ar shábháilteacht ar bhóithre, ar an gcomhshaol agus ar bhrú tráchta, agus aon réitigh chun na rioscaí sin a mhaolú.

Déanfaidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách faireachán ar éifeachtacht na scéime muirearaithe chun damáiste don chomhshaol de dheasca iompair de bhóthar a laghdú. Gach 2 bhliain, cuirfidh an Ballstát, i gcás inarb iomchuí, an struchtúr muirearaithe agus méid sonrach an mhuirir a shocrófar le haghaidh aicme ar leith feithicle, cineál bóthair agus tréimhse ama in oiriúint do na hathruithe i soláthar agus éileamh an iompair.

4. Eilimintí a bhaineann le costais sheachtracha

4.1. Costas an truaillithe aeir de dheasca tráchta

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát muirir costas seachtrach níos airde ná na luachanna tagartha a shonraítear in Iarscríbhinn IIIb a ghearradh, ríomhfaidh an Ballstát sin nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách an costas inmhuirearaithe a bhaineann le truailliú aeir de dheasca tráchta tríd an bhfoirmle seo a leanas a chur i bhfeidhm:

$$PCV_{ij} = \sum_k EF_{ik} \times PC_{jk}$$

más rud é:

— $PCV_{ij}$= costas de dheasca truailliú aeir i leith aicme feithicle i ar chineál bóthair j (euro/ciliméadar feithicle)

— $EF_{ik}$ = fachtóir astaíochta thruailleán k agus aicme feithicle i (gram/ciliméadar feithicle)

— $PC_{jk}$ = costas airgeadaíochta a bhaineann le truailleán k le haghaidh chineál bóthair j (euro/gram)

Beidh na fachtóirí astaíochta mar an gcéanna leo sin arna n-úsáid ag an mBallstát chun na fardail astaíochtaí náisiúnta a bhunú dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* (lena gceanglaítear úsáid a bhaint as Treoirleabhar EMEP/EEA maidir le Fardail Astaíochtaí**). Déanfaidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, an t-údarás neamhspleách dá dtagraítear in Airteagal 7c(2) den Treoir seo meastachán ar an gcostas airgeadaíochta a bhaineann le truailleáin, trí úsáid a bhaint as modhanna a bhfuil bunús eolaíoch leo.

Féadfaidh an Ballstát, nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách modhanna eile a bhfuil bunús eolaíoch leo a chur i bhfeidhm chun an luach ar na costais a bhaineann le truailliú aeir a ríomh agus úsáid á baint as sonraí a fhaightear de bharr truailleáin aeir a thomhas agus chun an luach áitiúil ar an gcostas airgeadaíochta a bhaineann le truailleáin aeir a ríomh.

4.2. Costas an truaillithe torainn de dheasca tráchta

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát muirir costas seachtrach níos airde ná na luachanna tagartha a shonraítear in Iarscríbhinn IIIb a ghearradh, ríomhfaidh an Ballstát, nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách an costas inmhuirearaithe a bhaineann le truailliú aeir de dheasca tráchta trí na foirmlí seo a leanas a chur i bhfeidhm:

$$NCVj\ (\text{laethúil}) = e \times \Sigma k\ NCjk \times POPk/WADT$$

$$NCVj\ (\text{lá}) = a \times NCVj$$

$$NCVj\ (\text{oíche}) = b \times NCVj$$

más rud é:

— $NCV_j$ = costas de dheasca torainn i leith feithicil amháin earraí troma ar chineál bóthair j (euro/ciliméadar feithicle)

— $NC_{jk}$ = costas de dheasca torainn in aghaidh gach duine neamhchosanta ar chineál bóthair j do leibhéal torainn k (euro/duine)

— $POP_k$ = pobal neamhchosanta ar leibhéal laethúil torainn k in aghaidh gach ciliméadair (duine/ciliméadar)

— WADT = meántrácht laethúil ualaithe (coibhéis gluaisteáin paisinéirí)

— go bhfuil a agus b ina bhfachtóirí ualúcháin arna gcinneadh ag an mBallstát ar bhealach go gcomhfhreagraíonn an meánmhuirear ualaithe de dheasca torainn in aghaidh gach ciliméadair feithicle do NCVj (laethúil).

Baineann an truailliú torainn de dheasca tráchta le hiarmhairt an torainn ar shláinte na saoránach i ngiorracht don bhóthar.

Bainfear na sonraí maidir leis an bpobal atá neamhchosanta ar leibhéal torainn k as na léarscáileanna torainn straitéiseacha arna ndréachtú faoi Airteagal 7 de Threoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***, nó ó fhoinse sonraí choibhéiseach eile.

Déanfaidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, an t-údarás neamhspleách meastachán ar an gcostas in aghaidh gach duine neamhchosanta ar leibhéal torainn k, trí úsáid a bhaint as modhanna a bhfuil bunús eolaíoch leo.

Is é a bheidh sa mheántrácht ualaithe laethúil fachtóir coibhéise "e" idir feithiclí earraí troma agus gluaisteáin paisinéirí a gheofar ar bhonn leibhéil astaíochtaí torainn an mheánghluaisteáin agus na meánfheithicle earraí troma agus ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 540/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****.

Féadfaidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, an t-údarás neamhspleách muirir idirdhealaithe a bhaineann le torann a bhunú chun úsáid feithiclí atá níos ciúine a chúiteamh ar choinníoll nach mbeidh aon idirdhealú in aghaidh feithiclí ó thíortha iasachta dá thoradh sin.

4.3. An costas a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ de dheasca tráchta

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát muirear costas seachtrach le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ a ghearradh ar bhonn luachanna atá níos airde ná na luachanna tagartha a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIc, ríomhfaidh an Ballstát sin nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách an costas inmhuirearaithe bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus úsáid á baint as cur chuige an chostais seachanta, agus na gnéithe seo a leanas, go háirithe, á gcur san áireamh agus á míniú:

(a) rogha an spriocleibhéil astaíochtaí;

(b) meastachán ar na roghanna maidir le maolú;

(c) meastachán ar an gcás bunlíne;

(d) col riosca agus caillteanais;

(e) ualú cothromais.

6 mhí ar a laghad sula ndéanfar muirear costas seachtrach den sórt sin le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ a ghearradh, tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún.

---

* Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1).

** Modheolaíocht Luachála ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil: treoirleabhar fardail astuithe truailleáin aeir EMEP/EEA 2019 - Treoir theicniúil maidir le fardal náisiúnta astaíochtaí a thiomsú (http://www.eea.europa.eu//publications/emep-eea-guidebook-2019).

*** Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 189, 18.7.2002, lch. 12).

**** Rialachán (AE) Uimh. 540/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le leibhéal na fuaime ó mhótarfheithiclí agus ó chórais tosta athsholáthair, agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 70/157/CEE (IO L 158, 27.5.2014, lch. 131).';

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IIIb a ghabhann le Treoir 1999/62/CE:

‘IARSCRÍBHINN IIIb

LUACHANNA TAGARTHA AN MHUIRIR COSTAS SEACHTRACH

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo luachanna tagartha an mhuirir costas seachtrach, lena n-áirítear an costas a bhaineann le truailliú aeir agus torann.

Tábla 1

Luachanna tagartha an mhuirir costas seachtrach le haghaidh feithiclí earraí troma

| Aicme feithicle | cent/ciliméadair feithicle | Fo-uirbeach **(1)** | Idiruirbeach **(2)** |
|---|---|---|---|
| Feithicil earraí troma ag a bhfuil uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil níos lú ná 12 thona nó ar a bhfuil dhá acastóir | Euro 0 | 18,6 | 9,9 |
| | Euro I | 12,6 | 6,4 |
| | Euro II | 12,5 | 6,3 |
| | Euro III | 9,6 | 4,8 |
| | Euro IV | 7,3 | 3,4 |
| | Euro V | 4,4 | 1,8 |
| | Euro VI | 2,3 | 0,5 |
| | Ar lú an truailliú uaithi ná Euro VI, lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha | 2,0 | 0,3 |

| Aicme feithicle | cent/ciliméadair feithicle | Fo-uirbeach (1) | Idiruirbeach (2) |
|---|---|---|---|
| Feithicil earraí troma ag a bhfuil uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil idir 12 thona agus 18 dtona<br><br>nó ar a bhfuil trí acastóir | Euro 0 | 24,6 | 13,7 |
| | Euro I | 15,8 | 8,4 |
| | Euro II | 15,8 | 8,4 |
| | Euro III | 12,5 | 6,6 |
| | Euro IV | 9,2 | 4,5 |
| | Euro V | 5,6 | 2,7 |
| | Euro VI | 2,8 | 0,7 |
| | Ar lú an truailliú uaithi ná Euro VI, lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha | 2,3 | 0,3 |
| Feithicil earraí troma ag a bhfuil uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil idir 18 dtona agus 32 thona<br><br>nó ar a bhfuil ceithre acastóir | Euro 0 | 27,8 | 15,8 |
| | Euro I | 20,4 | 11,3 |
| | Euro II | 20,4 | 11,2 |
| | Euro III | 16,3 | 8,9 |
| | Euro IV | 11,8 | 6,0 |
| | Euro V | 6,6 | 3,4 |
| | Euro VI | 3,1 | 0,8 |
| | Ar lú an truailliú uaithi ná Euro VI, lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha | 2,5 | 0,3 |

| Aicme feithicle | cent/ciliméadair feithicle | Fo-uirbeach (1) | Idiruirbeach (2) |
|---|---|---|---|
| Feithicil earraí troma ag a bhfuil uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil os cionn 32 thona<br>nó ar a bhfuil 5 acastóir nó níos mó | Euro 0 | 33,5 | 19,4 |
| | Euro I | 25,0 | 14,1 |
| | Euro II | 24,9 | 13,9 |
| | Euro III | 20,1 | 11,1 |
| | Euro IV | 14,2 | 7,5 |
| | Euro V | 7,6 | 3,8 |
| | Euro VI | 3,4 | 0,8 |
| | Ar lú an truailliú uaithi ná Euro VI, lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha | 2,8 | 0,3 |

(1) Ciallaíonn 'fo-uirbeach' limistéir ina bhfuil dlús daonra idir 150 agus 900 cónaitheoir/$km^2$ (dlús daonra airmheánach dar méid 300 cónaitheoir/$km^2$).

(2) Ciallaíonn 'idiruirbeach' limistéir ina bhfuil dlús daonra faoi bhun 150 cónaitheoir/$km^2$.

Féadfar luachanna Thábla 1 a iolrú faoi fhachtóir suas le 2 i gceantair shléibhe agus i ngiorracht do cheirtleáin a mhéid a bhfuil údar leis sin i ngeall ar scaipeadh níos ísle, ar ghrádán bóithre, airde nó inbhéartuithe teochta. Má tá fianaise eolaíoch ann ar fhachtóir sléibhte nó ceirtleáin níos airde, is féidir an luach tagartha sin a mhéadú ar bhonn réasúnú mionsonraithe.';

(6) Cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas le Treoir 1999/62/CE:

'IARSCRÍBHINN *IIIc*

LUACHANNA TAGARTHA AN MHUIRIR COSTAS SEACHTRACH LE hAGHAIDH ASTAÍOCHTAÍ $CO_2$

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo luachanna tagartha an mhuirir costas seachtrach, lena gcuirtear san áireamh an costas atá le hastaíochtaí $CO_2$.

Tábla 1

Luachanna tagartha an mhuirir costas seachtrach le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí earraí troma

<table>
<tr><th>Aicme feithicle</th><th></th><th>cent/ciliméadar feithicle</th><th>Bóithre idiruirbeacha (lena n-áirítear mótarbhealaí</th></tr>
<tr><td rowspan="6">Feithicil earraí troma ag a bhfuil uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil is lú ná 12 thona<br>nó ar a bhfuil dhá acastóir</td><td rowspan="2">Aicme 1 d'astaíochtaí CO2</td><td>Euro 0</td><td>4,5</td></tr>
<tr><td>Euro I<br>Euro II<br>Euro III<br>Euro IV<br>Euro V<br>Euro VI</td><td>4,0</td></tr>
<tr><td colspan="2">Aicme 2 d'astaíochtaí CO2</td><td>3,8</td></tr>
<tr><td colspan="2">Aicme 3 d'astaíochtaí CO2</td><td>3,6</td></tr>
<tr><td colspan="2">Feithicil astaíochtaí ísle</td><td>2,0</td></tr>
<tr><td colspan="2">Feithicil astaíochtaí nialasacha</td><td>0</td></tr>
</table>

| Aicme feithicle | | cent/ciliméadar feithicle | Bóithre idiruirbeacha (lena n-áirítear mótarbhealaí |
|---|---|---|---|
| Feithicil earraí troma ag a bhfuil uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil idir 12 thona agus 18 dtona<br>nó ar a bhfuil trí acastóir | Aicme 1 d'astaíochtaí CO2 | Euro 0 | 6,0 |
| | | Euro I<br>Euro II<br>Euro III | 5,2 |
| | | Euro IV<br>Euro V<br>Euro VI | 5,0 |
| | Aicme 2 d'astaíochtaí CO2 | | 4,8 |
| | Aicme 3 d'astaíochtaí CO2 | | 4,5 |
| | Feithicil astaíochtaí ísle | | 2,5 |
| | Feithicil astaíochtaí nialasacha | | 0 |
| Feithicil earraí troma ag a bhfuil uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil idir 18 dtona agus 32 thona<br>nó ar a bhfuil ceithre acastóir | Aicme 1 d'astaíochtaí CO2 | Euro 0 | 7,9 |
| | | Euro I | 6,9 |
| | | Euro II | |
| | | Euro III | |
| | | Euro IV | 6,7 |
| | | Euro V | |
| | | Euro VI | |
| | Aicme 2 d'astaíochtaí CO2 | | 6,4 |
| | Aicme 3 d'astaíochtaí CO2 | | 6,0 |
| | Feithicil astaíochtaí ísle | | 3,4 |
| | Feithicil astaíochtaí nialasacha | | 0 |

| Aicme feithicle | | cent/ciliméadar feithicle | Bóithre idiruirbeacha (lena n-áirítear mótarbhealaí |
|---|---|---|---|
| Feithicil earraí troma ag a bhfuil uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil os cionn 32 thona<br>nó ar a bhfuil 5 acastóir nó níos mó | Aicme 1 d’astaíochtaí CO2 | Euro 0 | 9,1 |
| | | Euro I | 8,1 |
| | | Euro II | |
| | | Euro III | |
| | | Euro IV | 8,0 |
| | | Euro V | |
| | | Euro VI | |
| | Aicme 2 d’astaíochtaí CO2 | | 7,6 |
| | Aicme 3 d’astaíochtaí CO2 | | 7,2 |
| | Feithicil astaíochtaí ísle | | 4,0 |
| | Feithicil astaíochtaí nialasacha | | 0 |

';

(7) In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 1999/62/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an Tábla 'Cónaisc feithiclí (feithiclí altacha agus traenacha bóthair)':

'Cónaisc feithiclí (feithiclí altacha agus traenacha bóthair)

| Acastóirí tiomána le haerchrochadh nó a gcoibhéis aitheanta | | Córais acastóra tiomána aerchrochta eile | | Aicme damáiste |
|---|---|---|---|---|
| Líon acastóirí agus uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil (i dtonaí) | | Líon acastóirí agus uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil (i dtonaí) | | |
| Nach lú ná | Ar lú ná | Nach lú ná | Ar lú ná | |
| 2 + 1 acastóir | | | | |
| 7,5 | 12 | 7,5 | 12 | I |
| 12 | 14 | 12 | 14 | |
| 14 | 16 | 14 | 16 | |
| 16 | 18 | 16 | 18 | |
| 18 | 20 | 18 | 20 | |
| 20 | 22 | 20 | 22 | |
| 22 | 23 | 22 | 23 | |
| 23 | 25 | 23 | 25 | |
| 25 | 28 | 25 | 28 | |

| Acastóirí tiomána le haerchrochadh nó a gcoibhéis aitheanta | | Córais acastóra tiomána aerchrochta eile | | Aicme damáiste |
|---|---|---|---|---|
| Líon acastóirí agus uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil (i dtonaí) | | Líon acastóirí agus uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil (i dtonaí) | | |
| Nach lú ná | Ar lú ná | Nach lú ná | Ar lú ná | |
| 2 + 2 acastóir | | | | |
| 23<br>25<br>26<br>28 | 25<br>26<br>28<br>29 | 23<br>25<br>26<br>28 | 25<br>26<br>28<br>29 | |
| 29 | 31 | 29 | 31 | II |
| 31 | 33 | 31 | 33 | |
| 33<br>36 | 36<br>38 | 33 | 36 | III |
| 2 + 3 acastóir | | | | II |
| 36<br>38 | 38<br>40 | 36 | 38 | |
| | | 38 | 40 | III |
| 2 + 4 acastóir | | | | II |
| 36<br>38 | 38<br>40 | 36 | 38 | |
| | | 38 | 40 | III |
| 3 + 1 acastóir | | | | II |
| 30<br>32 | 32<br>35 | 30 | 32 | |
| | | 32 | 35 | III |

| Acastóirí tiomána le haerchrochadh nó a gcoibhéis aitheanta | | Córais acastóra tiomána aerchrochta eile | | Aicme damáiste |
|---|---|---|---|---|
| Líon acastóirí agus uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil (i dtonaí) | | Líon acastóirí agus uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil (i dtonaí) | | |
| Nach lú ná | Ar lú ná | Nach lú ná | Ar lú ná | |
| 3 + 2 acastóir | | | | II |
| 36<br>38 | 38<br>40 | 36 | 38 | |
| | | 38<br>40 | 40<br>44 | III |
| 40 | 44 | | | |
| 3 + 3 acastóir | | | | |
| 36<br>38 | 38<br>40 | 36 | 38 | I |
| | | 38 | 40 | II |
| 40 | 44 | 40 | 44 | |
| 7 n-acastóir | | | | |
| 40 | 50 | 40 | 50 | II |
| 50<br>60 | 60 | 50<br>60 | 60 | III |
| 8 n-acastóir ar a laghad | | | | |
| 40 | 50 | 40 | 50 | I |
| 50 | 60 | 50 | 60 | II |
| 60 | | 60 | | III |

';

(8) Cuirtear na hIarscríbhinní seo a leanas le Treoir 1999/62/CE:

'IARSCRÍBHINN V

ÍOSCHEANGLAIS MAIDIR LE MUIREAR BRÚ TRÁCHTA A THOBHACH

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na híoscheanglais maidir le muirear brú tráchta a thobhach.

1. Na codanna den ghréasán atá faoi réir muirir brú tráchta, na feithiclí agus tréimhsí ama a chumhdaítear

Sonróidh na Ballstáit an méid seo a leanas go beacht:

(a) an chuid nó na codanna dá ngréasán atá comhdhéanta dá sciar féin den ghréasán tras-Eorpach bóithre agus dá mótarbhealaí dá dtagraítear in Airteagal 7(1), atá le bheith faoi réir muirir brú tráchta, i gcomhréir le hAirteagal 7da(1) agus (3).

(b) stráicí den ghréasán atá faoi réir an mhuirir brú tráchta a aicmiú mar 'meitreapholaiteach' agus 'neamh-mheitreapholaiteach'. Bainfidh na Ballstáit úsáid as na critéir a leagtar amach i dTábla 1 chun aicmiú gach stráice bóthair a chinneadh.

Tábla 1

Na critéir maidir le bóithre ar an ngréasán dá dtagraítear i bpointe (a) a aicmiú mar "meitreapholaiteach’ agus ‘neamh-mheitreapholaiteach"

| Catagóir bóthair | Critéar aicmiúcháin |
|---|---|
| ‘meitreapholaiteach’ | Stráicí den ghréasán atá laistigh de cheirtleáin ina bhfuil daonra 250,000 cónaitheoir nó níos mó |
| ‘neamh-mheitreapholaiteach’ | Stráicí den ghréasán nach bhfuil cáilithe mar ‘meitreapholaiteach’ |

(c) na tréimhsí ar lena linn a bheidh an muirear á ghearradh, le haghaidh gach stráice ar leith. I gcás ina mbeidh leibhéil dhifriúla muirir á ngearradh i gcaitheamh na tréimhse muirearaithe, sonróidh na Ballstáit go soiléir tús agus deireadh gach tréimhse ar lena linn a bheidh muirear sonrach á ghearradh.

Bainfidh na Ballstáit úsáid as na fachtóirí coibhéise i dTábla 2 chun an coibhneas a shuí idir leibhéil na muirear le haghaidh catagóirí feithiclí difriúla:

Tábla 2

Fachtóirí coibhéise maidir leis an gcion idir leibhéil muirear brú tráchta le haghaidh catagóirí feithiclí difriúla a bhunú

| Catagóir feithicle | Fachtóir coibhéise |
|---|---|
| Feithiclí saothair éadroim | 1 |
| Feithiclí earraí troma dochta | 1,9 |
| Cóistí agus busanna | 2,5 |
| Feithiclí earraí troma altacha | 2,9 |

2. Méid an mhuirir

Maidir le gach catagóir feithicle, stráice bóthair agus tréimhse ama, cinnfidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách méid sonrach aonair, arna shocrú i gcomhréir le Roinn 1 den Iarscríbhinn seo, agus an luach tagartha comhfhreagrach a leagtar amach sa Tábla in Iarscríbhinn VI á chur san áireamh. Beidh an struchtúr muirearaithe dá thoradh sin trédhearcach, cuirfear ar fáil don phobal é agus beidh sé ar fáil do gach úsáideoir ar théarmaí comhionanna.

Sula ngearrfaidh sé muirear brú tráchta, foilseoidh an Ballstát go tráthúil na nithe seo a leanas ar fad:

(a) gach paraiméadar, gach sonra agus gach faisnéis eile is gá chun go dtuigfear mar a bhunaítear aicmiú bóithre agus feithiclí agus mar a bhunaítear na tréimhsí ar lena linn a ghearrtar an muirear;

(b) an tuairisc iomlán ar mhuirir brú tráchta arna ngearradh ar gach catagóir feithicle ar gach stráice bóthair agus do gach tréimhse ama.

Cuirfidh na Ballstáit gach faisnéis a bheidh le foilsiú de bhun phointí (a) agus (b) ar fáil don Choimisiún.

Ní shocrófar an muirear go dtí go mbeidh breithniú déanta ar an riosca ar atreorú tráchta in éineacht le haon tionchar díobhálach ar shábháilteacht ar bhóithre, ar an gcomhshaol agus ar bhrú tráchta, agus aon réitigh chun na rioscaí sin a mhaolú.

I gcás ina bhfuil beartaithe ag Ballstát muirir brú tráchta níos airde ná na luachanna tagartha a leagtar amach sa Tábla in Iarscríbhinn VI a ghearradh, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoin méid seo a leanas:

(i) suíomh na mbóithre atá faoi réir muirir brú tráchta;

(ii) bóithre arna n-aicmiú mar bhóithre ‘meitreapholaiteacha’ agus ‘neamh-mheitreapholaiteacha’, mar a shonraítear faoi phointe (b) de Roinn 1;

(iii) na tréimhsí ar lena linn a ghearrtar an muirear, mar a shonraítear faoi phointe (c) de Roinn 1;

(iv) aon díolúine pháirteach nó iomlán a chuirtear i bhfeidhm maidir le mionbhusanna, busanna agus cóistí.

3. Faireachán

Déanfaidh an Ballstát nó, i gcás inarb iomchuí, údarás neamhspleách faireachán ar éifeachtacht na scéime muirearaithe chun brú tráchta a laghdú. Gach 3 bliana, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé an struchtúr muirearaithe, an tréimhse mhuirearaithe nó na tréimhsí muirearaithe agus méid sonrach an mhuirir arna shocrú le haghaidh gach catagóire ar leith feithicle, cineál bóthair agus tréimhse a oiriúnú do na hathruithe i soláthar agus éileamh an iompair.

IARSCRÍBHINN VI

LUACHANNA TAGARTHA AN MHUIRIR BRÚ TRÁCHTA

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na luachanna tagartha a bhaineann le muirear brú tráchta.

Cuirfear na luachanna tagartha dá bhforáiltear sa Tábla thíos i bhfeidhm ar fheithiclí saothair éadroim. Déanfar muirear brú tráchta le haghaidh catagóirí feithiclí eile a bhunú tríd an muirear a ghearrtar ar fheithiclí saothair éadroim a iolrú faoi na fachtóirí coibhéise sa Tábla in Iarscríbhinn V.

Tábla

Luachanna tagartha an mhuirir brú tráchta le haghaidh feithiclí saothair éadroim

| cent/ciliméadar feithicle | Meitreapholaiteach | Neamh-mheitreapholaiteach |
|---|---|---|
| Mótarbhealaí | 25,9 | 23,7 |
| Príomhbhóithre | 61,0 | 41,5 |

IARSCRÍBHINN VII

FEIDHMÍOCHT ASTAÍOCHTAÍ

Sonraítear san Iarscríbhinn seo feidhmíocht astaíochtaí na dtruailleán ar dá réir a ndéanfar dolaí agus muirir úsáideora a idirdhealú i gcomhréir le hAirteagal 7gb(1), pointe (b).

Tábla

Critéir maidir le feidhmíocht astaíochtaí truailleán le haghaidh feithiclí saothair éadroim

| Dola agus muirear úsáideora | 5-15 % faoi bhun an ráta is airde | 15-25 % faoi bhun an ráta is airde | 25-35 % faoi bhun an ráta is airde | Suas le 75 % faoi bhun an ráta is airde |
|---|---|---|---|---|
| Feidhmíocht astaíochtaí | Euro-6d-temp-x# | Euro-6d-x# | Uasluachanna dearbhaithe RDE le haghaidh astaíochtaí truailleán ## < 80 % de na teorainneacha astaíochtaí is infheidhme | Feithiclí astaíochtaí nialasacha |

\# i gcás ina bhféadfaidh x a bheith folamh nó a bheith ar cheann díobh seo a leanas (EVAP, EVAP-ISC, ISC nó ISC-FCM)

\## le haghaidh NOx agus PN araon mar a thuairiscítear i bpointe 48.2 den Deimhniú Comhréireachta, san Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún*.

______________

* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2020 lena gcuirtear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun feidhme a mhéid a bhaineann leis na ceanglais riaracháin maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu (IO L 163, 26.5.2020, lch. 1).’.